*Ag obair chun Cultúr Náisiúnta Feabhais i Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Ionad Oibre a chruthú d'Éirinn*

**An tÚdaráis Sláinte agus Sábháilteachta**

**Teil. 1890 289 389**

**Glaonna ó Iasmuigh d'Éirinn 00353 1 6147000**
**Facs (01) 6147020**

**www.hsa.ie**

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sábháilteachta agus Sláinte 2007:
ISBN: 978-1-84496-101-6

AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

HSA0297

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN ÚDARÁIS SÁBHÁILTEACHTA AGUS SLÁINTE 2007

AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA







# Tuarascáil Bhliantúil | 2007

'07

Ag obair chun Cultúr Náisiúnta Feabhais i Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Ionad Oibre a chruthú d'Éirinn

# Clár


**Tuairisc ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach** 2

**Achoimre Feidhmiúcháin** 4

**Bord – Faisnéis Eagraíochtúil** 8

**Mionchuntas ar Obair an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta in 2007** 12

**Earnálacha Príomhúla** 13
Talmhaíocht agus Foraoiseacht 14
Tógáil 15
Mianaigh agus Cairéil 16
Seirbhísí Sláinte 17
Údaráis Áitiúla 17
Déantúsaíocht 18
Athchúrsáil Dramhaíola 18

**Guaiseacha Príomhúla** 19
Mórghuaiseacha Tionóiscí 19
Substaintí Guaiseacha 19
Iompar agus Stóráil Earraí Contúirteacha 22
Láimhsiú 23
Sábháilteacht Feithicle san Ionad Oibre 24
Sciorrthaí, Tuislí agus Titim 25
Torann 25

**Cláir a Bhaineann le Gach Earnáil** 26
Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte ag an Ionad Oibre 26
Cur i bhfeidhm an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 26
Iniúchtaí Frithghníomhacha 27
Ionchúisimh agus Caingne Cúirte 27
Córais Forfheidhmithe 28
An tAonad Teagmhála Ionad Oibre 28
Faireachas Sláinte 28
Comharthaí EC na nInnealraí 28
Clár Cosanta Deonach 29
Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha 29
Oideachas 29
Micrea-Ghnó 30
Sláinte Cheirde 30
Cumarsáid 30
Reachtaíocht agus Treoir 31
Éifeachtúlachtaí Inmheánacha 32

**Tuarascálacha Airgeadais** 35

**AGUISÍN A: Iniúchadh agus Forfheidhmiú** 40

**AGUISÍN B: Rialacháin Nua Déanta in 2007** 56

**AGUISÍN C: Fochoistí Boird** 67

**AGUISÍN D: Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre** 69



Arna fhoilsiú i mí an Mheitheamh 2008 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.


©Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur i bhfoirm ná ar shlí ar bith, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Tuairisc ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

## Chuig an Aire Gnóthaí Saothair
### an tUasal Billy Kelleher TD

Is cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann, 2007 a chur faoi bhur mbráid.

Déanann an tÚdarás sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn. Cuimsíonn fairsinge shaothar an Údaráis gach cineál áite agus oibre sa stát. Is é an aidhm atá againn cultúr feasachta, inniúlachta agus inspreagtha a chruthú ina mbeidh gach duine ábalta oibriú go sábháilte.

Le linn 2007, thugamar faoi chlár dúshlánach de thionscnaimh reachtúla ag an am céanna agus a thugamar faoi chlár cuimsitheach náisiúnta faisnéise, cur chun cinn, coiscthe agus forfheidhmiúcháin.

In 2007, dréachtaíodh tograí suntasacha le haghaidh reachtaíochta, ar tograí iad atá tar éis reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte in Éirinn a nuachóiriú agus a shimpliú go suntasach agus iad ag teacht i ndiaidh an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus i ndiaidh chlár reachtaíochta 2006. Dhréachtaíomar nó thugamar comhairle agus cúnamh teicniúil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis na tograí reachtaíochta seo a leanas sa bhliain 2007:

- Ionaid Oibre
- Trealamh Oibre
- Trealamh scáileán taispeána
- Garchabhair
- Torann
- Creathadh
- Comharthaí Sábháilteachta
- Obair ar airde
- Trealamh Cosanta Pearsanta
- Leictreachas
- Láimhsiú
- Daoine óga
- Obair oíche
- Oibrithe Torracha
- Atmaisféir Phléascacha
- Aicmiú, pacáistiú agus lipéadú
- Margú agus úsáid substaintí agus ullmhóidí contúirteacha
- Iompar earraí contúirteacha de bhóthar
- REACH (sábháilteacht cheimiceach)
- Cairéil

D'eisíomar treoir chuimsitheach faoin reachtaíocht nua agus ghlacamar páirt i gcruinnithe faisnéise tionscail faoi na riachtanais nua reachtaíochta.

Rinneadh dul chun cinn tapa maidir le cur i bhfeidhm Rialachán nua an Aontais Eorpaigh 'REACH' (Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) trí sheimineáir, iniúchtaí comhairleacha, deasc chabhrach speisialaithe agus dréachtú tograí reachtaíochta a bhain leis na riachtanais riaracháin agus forfheidhmiúcháin.

Díríodh ar earnálacha na talmhaíochta, na tógála agus na gcairéal le haghaidh idirghabhála – earnálacha a bhfuil ardriosca ag baint leo. Lean an tÚdarás ag obair leis na coistí comhairleacha earnála agus leis na comhpháirtíochtaí chun feidhmíocht sábháilteachta sna réimsí sin a fheabhsú. Reáchtálamar feachtais dhírithe iniúchta agus chur chun cinn in earnáil na talmhaíochta, na tógála, na mianach agus na gcairéal.

Rinneamar caingean dlí chun géilliúlacht a fhorfheidhmiú nuair ba ghá. Choinníomar le 31 ionchúiseamh agus gearradh fíneáil iomlán €784,372.50 orthu siúd a ciontaíodh.

In ainneoin na n-idirghabhálacha suntasacha sin, ba thionóiscí a bhí bainteach leis an obair ba chúis le 67 bás i gcomparáid le 51 bás sa bhliain 2006. Ba iad an dá bhás déag i dtionscal na hiascaireachta agus na hocht mbás déag i dtionscal na tógála ba chúis leis an méadú sin nach mór.

Mar Údarás, bíonn dúshláin shuntasacha os ár gcomhair maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an ionad oibre a fheabhsú. Bíonn an ionad oibre ag athrú mar aon le hionchais daoine. Is eagraíocht bheag muid agus caithfimid leanúint orainn ag baint úsáide éifeachtúla agus dírithe as ár n-acmhainní chun an dúl chun cinn is mó is féidir a bhaint amach maidir le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre.

***Mar Údarás, bíonn dúshláin shuntasacha os ár gcomhair maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an ionad oibre a fheabhsú. Bíonn an ionad oibre ag athrú mar aon le hionchais daoine.***

Chomh maith lena ghníomhaíochtaí traidisiúnta um thionóiscí a chosc, tá sláinte cheirde ag éirí níos tábhachtaí don Údarás de réir a chéile. Is é an teachtaireacht a chuirfimid chun cinn ná go bhfuil gach duine freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre, go háirithe iad siúd a dhéanann na hionaid oibre a bhainistiú. Cuirfimid gach bainisteoir ar an eolas faoina c(h)uid freagrachtaí, agus cuirfimid an dlí i bhfeidhm chun cultúr náisiúnta feabhais a chruthú maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an ionad oibre.

Is mian linn ár mbuíochas a ghabháil leis an Aire Gnóthaí Saothair, Billy Kelleher TD, agus lena oifigigh as ucht a gcuid cúnaimh agus tacaíochta i rith na bliana, go háirithe maidir le hearcaíocht foirne breise chun REACH a chur i bhfeidhm; le baill an bhoird as ucht a gcuid tiomantais agus treorach; agus le foireann ghairmiúil dhíograiseach an Údaráis as ucht a dtiomantais do thimpeallacht oibre níos sláintiúla agus níos sábháilte a chruthú do dhaoine ar fud na hÉireann.

Jim Lyons
*Cathaoirleach*



Martin O'Halloran
*Príomhfheidhmeannach*



# Achoimre Feidhmiúcháin

## Rialacháin nua a Cuireadh i bhfeidhm

Chríochnaigh clár mór athchóirithe rialála le tabhairt isteach na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Déanann na Rialacháin sin 25 sraith rialachán agus orduithe atá ann cheana a athsholáthar, a shimpliú agus a nuashonrú. Baineann siad le gach ionad oibre. Foilsíodh treoir chuimsitheach maidir leis na Rialacháin sin. Thug an tÚdarás líon suntasach comhairle teicniúla agus proifisiúnta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun déanamh na Rialachán seo a éascú.

***Déanann na Rialacháin sin 25 sraith rialachán atá ann cheana a athsholáthar, a shimpliú agus a nuashonrú.***

## 13,631 Iniúchadh

Chuir an tÚdarás clár réamhghníomhach iniúchta i bhfeidhm. Rinneadh 13,631 iniúchadh sa bhliain 2007 ar an iomlán. Le linn na n-iniúchtaí, thug cigirí comhairle d'fhostóirí faoi ghuaiseacha móra in earnálacha sonraithe agus rinne siad monatóireacht ar ghéilliúlacht i ndáil leis na guaiseacha sin. Chuir siad béim, ach go háirithe, ar mheasúnuithe riosca, ar chur i ngníomh agus ullmhú ráitis sábháilteachta agus ar fhreagrachtaí bainisteoirí agus stiúrthóirí.

Fuair cigirí amach go raibh ráiteas sábháilteacha curtha i bhfeidhm ag 70% de na fostóirí. D'aimsigh siad leibhéil feidhmithe níos ísle, áfach, in earnáil na tógála agus na talmhaíochta. Mar thoradh ar fhormhór na n-iniúchtaí, tugadh comhairle i scríbhinn nó ó bhéal d'fhostóirí agus d'fhostaithe. Bhí gá le gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh i bhfoirm nótaí toirmisc, nótaí feabhsúcháin agus treoracha feabhsúcháin, áfach, in 12% de na hionaid oibre a ndearnadh iniúchadh orthu.

***Chuir siad béim, ach go háirithe, ar mheasúnuithe riosca, ar chur i ngníomh agus ullmhú ráitis sábháilteachta agus ar fhreagrachtaí bainisteoirí agus stiúrthóirí.***

## Ag ullmhú do REACH

Le linn 2007, réitigh an tÚdarás an bealach chun REACH a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmú – is é REACH an Rialachán nua i gcomhair sábháilteacht cheimiceach ar fud an AE dar teideal Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán. Ina theannta sin, ghlacamar páirt ghníomhach in idirbheartaíocht an AE faoin togra reachtaíochta le haghaidh córais dar teideal 'Córas Comhchuibhithe Domhanda' (GHS) a úsáidtear chun substaintí agus ullmhóidí a aicmiú agus a lipéadú. Beidh athrú bunúsach ar an gcaoi a gcláraíonn, a n-úsáideann agus a lipéadaíonn an tionscal ceimiceáin mar gheall ar an dá Rialachán sin.

Trí earcaíocht nua, rinneadh foireann feidhmithe tionscadail REACH agus GHS a leathnú. Stiúir an tÚdarás seimineáir agus feachtais sna meáin chun feasacht a mhúscailt agus faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí ceimiceán. Rinneadh tograí le haghaidh dréacht-reachtaíocht forfheidhmithe a fhorbairt.

***Rinneadh tograí le haghaidh dréacht-reachtaíocht forfheidmithe a fhorbairt.***

# Faisnéis a Soláthraíodh d'Ionaid Oibre

Sholáthair an tÚdarás seirbhís chuimsitheach faisnéise d'ionaid oibre. Le linn 2007, dhéileáil ár nAonad Teagmhála Ionad Oibre le beagnach 40,000 glao teileafóin. Ina measc, bhí tuairiscí ar eachtraí tromchúiseacha/ar bhásanna, iarratais ar fhaisnéis agus gearáin. Tá deasc chabhrach REACH ag feidhmiú go hiomlán chun cabhrú le tionscail na hÉireann REACH a chur i bhfeidhm. Tá ról tábhachtach aige maidir le feasacht a mhúscailt agus tuiscint ar an reachtaíocht nua sin a éascú i measc thionscail na hÉireann.

*Ina measc bhí tuairiscí ar eachtraí tromchúiseacha/ar bhásanna, iarratais ar fhaisnéis agus gearáin*

# Ag Tabhairt Aghaidhe ar Shláinte Cheirde

Rinne an tÚdarás dul chun cinn sa réimse de shláinte cheirde:

- D'fhoilsíomar Cód Cleachtais nua ar Chosc ar Bhulaíocht
- Rinneamar ár bhfreagairt don straitéis dar teideal 'Workplace Health and Wellbeing Strategy' a chinntiú agus d'aithníomar spriocanna príomhúla a bheidh treoraithe againn.
- Chuireamar tionscnaimh shuntasacha i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do shláinte mheabhrach san ionad oibre.
- Choinníomar an bhéim ar dhea-chleachtas i ndáil le láimhsiú mar chur chuige coisctheach príomhúil maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an ionad oibre. Chuireamar roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don chur chuige sin.
- Thosaíomar ag obair leis an Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le forbairt treoirlínte i gcomhair fostaíocht shábháilte agus shláintúil daoine atá faoi mhíchumas.
- Rinneamar monatóireacht ar ghéilliúlacht d'Alt 22 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 faoi sholáthar faireachas sláinte i ndiaidh measúnú riosca.

# Feachtais Chumarsáide a reáchtáladh

Áirítear ar na príomhfheachtais chumarsáide a reáchtáladh in 2007 cur chun cinn na dtreoirlínte nua do stiúrthóirí faoina gcuid freagrachtaí maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an ionad oibre, Cód Cleachtais na Talmhaíochta agus Rialachán REACH.

# Ag obair leis na Coistí Comhairleacha

D'oibrigh an tÚdarás leis na struchtúir fo-bhoird bhunaithe chun an teachtaireacht de shábháilteacht, sláinte agus leas a chur chun cinn. Áiríodh orthu siúd struchtúir náisiúnta an Choiste Chomhairligh Tógála, an Choiste Chomhairligh Theicniúil agus Eolaíoch (a cuireadh in ionad an Choiste Chomhairligh um Shubstaintí Contúirteacha in 2007) agus Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme.

*D'oibrigh an tÚdarás leis na struchtúir fo-bhoird bhunaithe chun an teachtaireacht de shábháilteacht, sláinte agus leas a chur chun cinn.*

Lean na ceithre choiste chomhairleacha réigiúnacha de chuid an Údaráis ag obair mar fhóraim chomhairliúcháin agus chomhairleacha don Údarás agus chuidigh siad leis an Údarás feasacht réigiúnach ar thionscnaimh ábhartha a chur chun cinn agus tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm ag leibhéal réigiúnach.

## Straitéis Oideachais

Le linn 2007, rinneadh dul chun cinn maith i réimse an oideachais. Foilsíodh tuarascáil na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) 'Mapping Health and Safety in the Curriculum' i mí Mheán Fómhair a leag dúshraith do thionscnaimh churaclaim sa todhchaí ag leibhéil na luathfhoghlama, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. I mí Mheán Fómhair, seoladh treoirchlár suntasach dar teideal 'Choose Safety' ina raibh pacáiste acmhainní do mhúinteoirí agus do mhic léinn araon. Rinne roinnt tionscnamh eile iarracht leibhéil feasachta daoine óga a ardú.

Lean an tÚdarás ag obair taobh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt do scoileanna.

## Dul Chun Cinn a Thomhas

Rinne an tÚdarás a dhul chun cinn maidir le comhlíonadh aidhmeanna agus cuspóirí a thomhas ar shlí chainníochtúil agus cháilíochtúil. Léirigh measúnú ar ár bhfeachtas 'Obair ar Airde' – clár ilbhliantúil, dian ar acmhainní a bhain le reachtaíocht, treoir, cur chun cinn agud forfheidhmiú – gur tháinig laghdú suntasach ar bhásanna agus ar ghortuithe.

Rinne Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (SLIC) de chuid an AE, ina bhfuil cigirí sinsearacha saothair ó chigireachtaí eile an AE, athbhreithniú piaraí ar ár ngíomhaíochtaí iniúchta.

*Rinne an tÚdarás a dhul chun cinn maidir le comhlíonadh aidhmeanna agus cuspóirí a thomhas ar shlí chainníochtúil agus cháilíochtúil*

## Básanna agus Gortuithe a bhí Bainteach leis an Obair

Cé go ndearna an tÚdarás leibhéal ard de ghníomhaíochtaí coiscthe in 2007 chun eachtraí a bhí bainteach leis an obair a laghdú, le linn na bliana taifeadadh 67 bás mar thoradh ar a leithéid d'eachtraí. Ba mhéadú é sin ar fhigiúr na bliana 2006 de 51 bás, ach bhí sé níos ísle ná figiúr na bliana 2005 de 74 bás. Tharla formhór an mhéadaithe i mbásanna sna hearnálacha iascaireachta agus tógála. Sa bhliain 2007, tharla 11 bás in earnáil na feirmeoireachta i gcomparáid le 18 in 2006 agus in 2005 araon.

Rinneadh imscrúdú ar gach bás a tuairiscíodh in 2007 agus leanadh díobh de réir mar ba ghá. Nuair a chonacthas sárú reachtaíochta, agus nuair a bhí an fhianaise le fáil chun tacú le hionchúiseamh, cuireadh comhaid chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí/an Príomh-Aturnae Ionchúiseamh.

Tharla réimse tionóiscí neamh-mharfacha in ionaid oibre Éireannacha in 2007 chomh maith. Ní mór gach tionóisc a bhfuil tréimhse asláithreachta níos mó ná trí lá as a chéile mar thoradh uirthi a thuairisciú don Údarás. Fuaireamar tuairiscí ar bheagnach 7,800 eachtra den sórt sin in 2007.

## Acmhainní an Údaráis

Choimisiúnaigh an tÚdarás tuairisc neamhspleách ar a acmhainní féin a sholathróidh faisnéis dá straitéis le haghaidh acmhainní amach anseo. Fuair an tuairisc amach go raibh an leibhéal is ísle cigirí in aghaidh an duine den phobal fostaithe san AE ag an Údarás agus, dá bhrí sin, bhí siad srianta go maith maidir lena gcuid cúraimí a chomhlíonadh i roinnt réimsí tábhachtacha.

## Forbairt Foirne, Dílárú

Tá foireann inniúil, inspreagtha lárnach d'obair an Údaráis. Rinneadh gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a leathnú go suntasach in 2007 chun cumas bainistíochta agus teicniúil ár bhfoirne a fheabhsú. Mar thoradh ar idirchaidreamh leis an bhfoireann trí mheán comhairle caidrimh thionsclaíoch, oiliúint fhairsing foirne agus daoine aonair, próiseas comhpháirtíocha a raibh athbheochan déanta air agus an rath leanúnach a bhí ar an gclár dámhachtainí 'Excellence Through People', rinneamar aeráid sheasmhach caidrimh thionsclaíoch a chothabháil.

Leanadh den obair ar ár bplean díláraithe: rinneadh dul chun cinn ar obair ar oifig nua eatramhach i gCill Chainnigh agus thosaigh 27 ball foirne ag obair san oifig eatramhach atá ann faoi láthair. Leanadh de chomhráití le baill foirne, leis an Roinnn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus leis an Roinn Airgeadais chun cur i bhfeidhm a chur chun cinn.

***Mar thoradh ar idirchaidreamh leis an bhfoireann trí mheán comhairle caidrimh thionsclaíoch, agus oiliúint fhairsing foirne agus daoine aonair, rinneamar aeráid sheasmhach caidrimh thionsclaíoch a chothabháil***

# Bord – Faisnéis Eagraíochtúil

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht náisiúnta reachtúil atá freagrach as forfheidhmiú dhlí na sábháilteachta agus na sláinte ceirde, cosc timpistí a chothú agus a spreagadh, agus faisnéis, comhairle agus taighde a sholáthar do gach cuideachta, grúpa, eagraíocht agus duine aonair a thagann faoi scáth fhreagracht an Údaráis.

Déanann an tÚdarás – comhlacht státmhaoinithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 – tuairisciú don Aire Gnóthaí Saothair.

## Bord an Údaráis

Tá an Bord comhdhéanta de 12 ball foirne: cathaoirleach agus 11 ball arna gceapadh ag an Aire Gnóthaí Saothair. Ceapann an tAire baill arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a ionadaíonn na comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile atá bainteach le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Is é an Bord a shocraíonn beartas an Údaráis.

**Bhí ballraíocht an bhoird mar seo a leanas ar an 20 Nollaig 2007:**

### Cathaoirleach

**Jim Lyons**, Iar-Phríomhfheidhmeannach, Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir

### Baill Ainmnithe ag Fostóirí

**Tony Briscoe**, Stiúrthóir Cúnta, Beartas Sóisialta (OHS), IBEC
**Peter McCabe** (Leaschathaoirleach), Stiúrthóir Seirbhísí Oiliúna, Oideachais agus Sábháilteachta, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF)
**Yvonne O'Sullivan**, Ceann Cumas Eagrúcháin & Small Pack, Diageo Ireland

### Baill Ainmnithe ag Fostaithe


**Sylvester Cronin**, Ceann an Aonaid um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, SIPTU
**Louise O'Donnell**, Rúnaí Náisiúnta, Roinn na Státseirbhíse, IMPACT
**Fergus Whelan**, Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

### Baill Ainmnithe ag an Aire

**Anne-Marie Hayes**
**Pat Kearney**
**Martin Lynch**
**Christina McEleney**
**Rosie Sheerin**

Ceapadh Bord nua ar an 20 Nollaig 2008 nuair a chríochnaigh tréimhse oifige an Bhoird roimhe sin.

## Cathaoirleach


Jim Lyons

## Baill Ainmnithe ag Fostóirí



Tony Briscoe


Peter McCabe


Yvonne O'Sullivan


## Baill Ainmnithe ag Fostaithe



Sylvester Cronin


Louise O'Donnell



Fergus Whelan

## Baill Ainmnithe ag an Aire


Anne-Marie Hayes


Pat Kearney


Martin Lynch


Christina McEleney


Rosie Sheerin

# Lucht Bainistíochta

Is é an Príomhoifigeach Feidmiúcháin (POF) a dhéanann cur i ngníomh straitéise a bhainistiú agus a rialú i gcomhréir le freagrachtaí reachtúla an Údaráis agus leis na beartais a leagann an Bord síos.

Faoi láthair is é 197 an leibhéal foirne atá ceadaithe ag an Údarás, atá comhdhéanta de chigirí, saineolaithe gairmiúla, riarthóirí agus tacaíocht chléireachais. Comhlíonann na 127 cigire raon feidhmeanna éagsúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an ionad oibre a chur chun cinn, iniúchadh a dhéanamh ar ionaid oibre, tograí reachtaíochta a fhorbairt ag leibhéal an AE agus ag leibhéal náisiúnta, treoir a fhoilsiú, dul i gcomhairle le comhlachtaí ionadaíochta, gníomhaíochtaí faisnéise agus comhairliúcháin, gearáin agus tionóiscí a imscrúdú agus ciontóirí a ionchúiseamh.

**Is iad seo a leanas na feidhmeannaigh bhainistíochta amhail an 31 Nollaig 2007:**

POF
Martin O'Halloran

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Géilliúlacht & Comhairle
Michael Henry

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Seirbhísí Corparáideacha
Robert Roe

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Seirbhísí Coisctheacha
Mary Dorgan

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Beartas & Seirbhísí Ceimiceán
Sharon McGuinness

# Cultúr Sábháilteachta san Ionad Oibre do Chách

Tuigeann an tÚdarás go bhfuil an fhreagracht ar fhostóirí agus ar a bhfostaithe laghdú ar ghortuithe agus tinnis is an obair is cúis leo nó a éiríonn níos measa mar thoradh ar an obair. Tacaíonn an tÚdarás leo trí chláir: a chuireann timpeallacht shábháilte, shláintiúil oibre chun cinn, a dhéanann tograí reachtaíochta a fhorbairt, a sholáthraíonn faisnéis agus comhairle, a dhéanann iniúchtaí agus imscrúduithe, agus de réir mar is gá, a dhéanann gníomh forfheidhmithe chun géilliúlacht a chinntiú.

Bainimid úsáid éifeachtúil as ár bhfoireann agus déanaimid a n-inniúlacht a fhorbairt ionas gur féidir leo cabhrú lenár gcustaiméirí agus lenár gcliaint priacal a laghdú agus an dlí a fhorfheidhmiú más gá.

Téimid i gcomhairle le hoibrithe, le fostóirí agus lena gcuid ionadaithe lena chinntiú go ndéanann ár seirbhísí na riachtanais atá acu a chomhlíonadh. Is trí thaighde leanúnach, anailís staitistiúil agus tomhas agus measúnú ár ngíomhaíochtaí a dhéanaimid seirbhísí a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Tá beartas oscailte cumarsáide againn a chinntíonn rochtain éasca ar ár n-eagraíocht dár gcomhpháirtithe agus dár b páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear oibrithe, fostóirí, comhlachtaí ionadaíocha agus an pobal i gcoitinne.

Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus ar ár dtreoirlínte agus faisnéis lena chinntiú go bhfuil siad ábhartha, ciallmhar agus inrochtana. Tá ár dtionscnaimh coiscthe, cigireachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe deartha lena chinntiú go soláthraítear timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil d'oibrithe agus go nglacann siad féin páirt inti.



# Mionchuntas ar Shaothar an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta in 2007

## Déanann an chuid seo den tuarascáil athbhreithniú ar obair an Údaráis in 2007 faoi thrí cheannteideal:

### 1 Earnálacha Príomhúla

Earnálacha Príomhúla – soláthraíonn an chuid seo cuntas ar ghéilliúlacht thaifeadta agus tionscnaimh an Údaráis sna hearnálacha seo a leanas:

- Talmhaíocht agus Foraoiseacht
- Tógáil
- Mianaigh agus Cairéil
- Seirbhísí Sláinte
- Údaráis Áitiúla
- Déantúsaíocht
- Athchúrsáil Dramhaíola

### 2 Guaiseacha Príomhúla

Guaiseacha Príomhúla – soláthraíonn an chuid seo cuntas ar dhul chun cinn an Údaráis maidir le guaiseacha faoi leith i rith na bliana.

- Mórghuaiseacha Tionóiscí
- Substaintí Guaiseacha
- Iompar agus Stóráil Earraí Contúirteacha
- Láimhsiú
- Sábháilteacht Feithicle ag an Ionad Oibre
- Sciorrthaí, Tuislí agus Titim
- Torann

Déantar torthaí géilliúchta a thuairisciú.

### 3 Cláir a Bhaineann le Gach Earnáil

Cláir a Bhaineann le Gach Earnail – soláthraíonn an chuid seo cuntas ar ghníomhaíocht forfheidhmithe, ar ghníomhaíocht chumarsáide agus ar roinnt tionscnamh fadréimseach a reáchtáil an tÚdarás in 2007 a raibh tionchar acu trasna earnálacha agus guaiseacha.

- Sábháilteacht ag an Ionad Oibre agus Bainistíocht Sláinte
- Cur i bhfeidhm an Achta um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005
- Iniúchtaí Frithghníomhacha
- Ionchúisimh agus Caingne Cúirte
- Córais Forfheidhmithe
- An tAonad Teagmhála Ionad Oibre
- Faireachas Sláinte
- Comharthaí EC na nInnealraí
- Clár Cosanta Deonach
- Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha
- Oideachas
- Micrea-Ghnó
- Sláinte Cheirde
- Cumarsáid
- Reachtaíocht agus Treoir
- Éifeachtúlachtaí Inmheánacha

# Earnálacha Príomhúla

Thug an tÚdarás tosaíocht do roinnt saincheisteanna príomhúla in 2007 a bhí bunaithe ar na réimsí oibre ina bhfuil baol níos mó de ghortú nó bás. Den chuid is mó, is iad sin na réimsí ina ndéantar obair ar airde, obair le/obair gar do ghléasra nó d'innealra a bhíonn ag bogadh agus leibhéal ard d'obair láimhe. Mar thoradh ar an leibhéal riosca a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, teastaíonn bainistíocht ghníomhach chun gortú, breoiteacht nó bás a sheachaint.

In 2007, leag an tÚdarás béim arís ar a chinntiú go gcuirfí feabhas ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta i ngach earnáil. Mar sin féin, chuir siad acmhainní breise ar fáil in earnáil na talmhaíochta, na tógála, na mianach agus na gcairéal a mbíonn ardriosca ag baint leo.

Léirítear thíos claonadh na rátaí géilliúlachta ar an iomlán mar a chonacthas iad le linn iniúchtaí sna hearnálacha sin in 2005, 2006 agus 2007.

**Rátaí maidir le géilliúlacht iomlán/fhorleathan in earnálacha a mbaineann priacal ard leo 2005-2007**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht agus foraoiseacht | 58% | 53% | 66% |
| Tógáil | 55% | 48% | 52% |
| Mianaigh agus cairéil | 40% | 44% | 44% |

Déantar an ráta géilliúlachta a thomhas tráth an iniúchta. D'fheadfadh an ráta géilliúlachta a thomhastar in earnáil ar bith a athrú ag brath ar na cineálacha gníomhaíochtaí agus fostóirí a dtugtar tús áite maidir le hiniúchtaí dóibh i mbliain ar bith. Tugtar tosaíocht d'iniúchtaí an údaráis ar ghníomhaíochtaí, earnálacha agus fostóirí a mbaineann priacal ard leo agus tomhasann na rátaí géilliúlachta géilliúlacht bhraite na bhfostóirí a ndéantar iniúchadh orthu, agus ní géilliúlacht na hearnála uile.

In 2007, bhí ráta forfheidhmithe de 12%; rinneadh gníomh forfheidhmiúcháin i bhfoirm nótaí feabhsúcháin nó toirmisc agus treoracha feabhsúcháin.



# Talmhaíocht agus Foraoiseacht

In earnáil na feirmeoireachta, laghdaigh an líon básanna a bhí bainteach leis an obair go 11 in 2007, i gcomparáid le 18 in 2005 agus in 2006 araon. Léiríonn sé sin dul chun cinn suntasach san earnáil ghuaiseach seo, ach tugann taithí le tuiscint dúinn go gcaithfimid leanúint orainn a bheith airdeallach chun an claonadh sin a chothabháil agus chun básanna agus gortuithe a laghdú níos mó.

Is ionad oibre ar leith í an fheirm – deánann sí an timpeallacht baile agus an timpeallacht oibre a nascadh le chéile. Is do dhaoine aosta a tharlaíonn níos mó ná 50% de na tionóiscí marfacha ar fheirmeacha anois. Tugadh aird faoi leith ar shábháilteacht daoine aosta agus leanaí le linn eachtraí iniúchta agus cur chun cinn an Údaráis i rith 2007.

In 2007, d'oibríomar chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna sábháilteacht feirme agus mholamar an oiliúint chuí a chur ar fáil laistigh den earnáil chun cultúr inbhuanaithe sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt sa talmhaíocht. Chuireamar Cód Cleachtais na Talmhaíochta chun cinn agus sholáthair Teagasc oiliúint ar úsáid an Chóid sin. Chomh maith leis sin, chuireamar feidhmíocht sábháilteachta i gcleachtais oibre foraoiseachta chun cinn, go háirithe maidir le conraitheoirí.



Leanamar lenár dtionscnaimh chun feabhas a chur ar an earnáil feirmeoireachta tríd an gComhpháirtíocht Sábháilteacht Feirme, feachtais chomhairle agus faisnéise, feachtas sábháilteacht feirme agus ár bhfeachtas bliantúil iniúchta feirme.

In 2007, rinneamar 1,313 iniúchadh feirme, agus 52 iniúchadh foraoiseachta sa bhreis air sin. Rinneamar iniúchadh ar fheirmeacha, ar sholáthraithe talmhaíochta, agus ar chonraitheoirí talmhaíochta chun a fháil amach an raibh ráiteas sábhailteachta nó Cód Cleachtais na Talmhaíochta curtha i bhfeidhm acu. I mí na Bealtaine 2007, reáchtáladh dianfheachtas a raibh níos mó ná 400 iniúchadh feirme i gceist leis. Thacaigh clúdach fairsing sna meáin chumarsáide leis an bhfeachtas.



Ar na gníomhaíochtaí eile le linn 2007 bhí:

- Comhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Talmhaíochta a reáchtáladh i Mainistir Laoise i mí Iúil. Bhí an chomhdháil mar thoradh ar Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteacht Feirme. Ba é an tAire Gnóthaí Saothair, Billy Kelleher TD, a d'oscail é agus fuair sé urraíocht ó FBD.
- Leanúint den chomhthionscnamh le Teagasc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht feirme. In 2007, leagadh an bhéim ar fhorbairt cúrsa oiliúna ar leith a bhí bunaithe ar riachtanais Chód Cleachtais na Talmhaíochta.
- Forbairt DVD sonrach faoi láimhsiú ar an bhfeirm.
- Leagan amach agus dáileadh DVD faoi shábháilteacht each.
- Forbairt, seoladh agus dáileadh an leabhair faoi shábháilteacht leanaí dar teideal 'Fán Sábháilte ar an bhFeirm le Jessy'.
- Forbairt agus dáileadh bileog eolais dar teideal 'Safety of the Elderly on Farms'.

- Seastáin sábháilteachta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i dTulach Mhór agus ag taispeántais i Muine Chonalláin Thoir agus i mBaile an Phoill.
- Rannchuidiú le treoir a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála feirme.

### Táscairí Géilliúlachta

Léiríonn comparáidí idir rátaí géilliúlachta ó 2005 go 2007 roinnt feabhsuithe san earnáil seo. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm Chód Cleachtais na Talmhaíochta, táthar ag súil go mbeidh géilliúlacht ag dul i bhfeabhas. Mar thoradh ar an gCód, a eisíodh in 2006, ní gá go mbeadh ráiteas sábháilteachta ar leith ag feirmeacha a bhfuil níos lú ná triúr fostaithe ag obair orthu.

Rinne iniúchtaí feabhas a thaifeadadh i réimsí láimhsithe ainmhithe, sábháilteacht leanaí, suiteála leictreachais, sábháilteacht innealra agus réimsí láimhsithe sciodair. Tá na torthaí sin le brath sa mhéadú ar líon na bhfeirmeacha a bhfuil géilliúlacht fhorleathan nó iomlán acu de réir na measúnuithe.

**Rátaí géilliúlachta i bhfiontair talmhaíochta agus foraoiseachta a ndearnadh iniúchadh orthu.**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 58% | 53% | 66% |
| Roinnt géilliúlachta | 14% | 33% | 30% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 28% | 14% | 4% |

# Tógáil

Tháinig méadú ar bhásanna a bhain le hobair in earnáil na tógála ó 13 in 2006 go 18 in 2007.

In 2007, bhí clár iniúchtaí an Údaráis chun feabhas a chur ar chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ar láithreáin tógála dírithe ar cheisteanna maidir le pleananna sláinte agus sábháilteachta sonracha do láithreáin, ráitis sábháilteacha, soláthar saoráidí leasa, agus fógairt agus ceapadh daoine le dualgais sláinte agus sábháilteachta orthu. Rinneamar iniúchadh ar na bearta a bhí i bhfeidhm d'obair ar airde agus do bhainistiú gléasraí agus trealaimh. Chomh maith leis sin, rinneamar mionscrúdú ar thrácht iomlán an láithreáin maidir le riachtanais sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.

Rinneamar 6,496 iniúchadh ar láithreáin tógála in 2007, lena n-áirítear iniúchtaí ar 633 tionóisc agus 692 gearán. Tugadh fógra forfheidhmithe do 13% de na conraitheoirí a ndearnadh iniúchadh orthu.

Reáchtálamar dhá dhianfheachtas tógála le linn na bliana. Dhírigh siad sin ar fheasacht a scaipeadh ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2006 agus ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde), 2006. Chuir na hiniúchtaí béim láidir i gcónaí ar úsáid shábháilte trealaimh, cosúil le dréimirí, tristéil agus cléibh duine.

Leathnaíodh an plean don tionscal tógála dar teideal 'The Safe System of Work Plan' (SSWP) agus leanadh á chur chun cinn mar chuid de na feachtais iniúchta.

Leanamar orainn ag comhoibriú leis na comhpháirtithe sóisialta tríd ár gCoiste Comhairleach Tógála, tríd an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Tógála agus trí ghrúpaí príomhúla ionadaíocha eile.

### Cóid Chleachtais

Tugadh an Cód Cleachtais um Shábháilteacht Tógála do chonraitheoirí a bhfuil níos lú ná triúr fostaithe acu chun críche agus cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Saothair é le faomhadh.

Forbraíodh an Cód Cléachtais do Scafalra agus cuireadh comhairliúchán poiblí i gcrích.

Rinneadh dréacht den Chód Cleachtais um Sheirbhísí faoi Thalamh.

D'oibrigh an tÚdarás le líonraí BSL chun dréacht a dhéanamh de Chód Cleachtais d'Obair gar do Línte Cumhachta Lastuas san earnáil tógála.

### Doiciméid Treorach

Foilsíodh Treoir do Chliaint a bhíonn páirteach i dtionscadail tógála.

Foilsíodh nótaí faisnéise faoi obair ar airde, úsáid shábháilte ardán oibre/tristéal agus úsáid shábháilte dréimirí.

Mar chuid den chomhoibriú leanúnach le húdaráis áitiúla, críochnaíodh an SSWP le haghaidh oibreacha bóthair.



### An Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Tógála

Mar aitheantas ar na hathruithe uile atá tagtha ar an earnáil tógála le cúig bliana anuas, thosaigh an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Tógála céim nua maidir leis an tacaíocht a thugann siad do shábháilteacht agus sláinte san earnáil seo. Ba ar fhorbairt spriocanna príomhúla maidir leis na dúshláin nua sin agus ar chur i láthair dréachtphlean don Chomhpháirtíocht a leagadh an bhéim in 2007. Beidh ról suntasach ag an Údarás i gcónaí in obair an ghrúpa sin.

### Táscairí Géilliúlachta

Cé gur tháinig méadú ar líon na láithreán tógála a thaispeáin géilliúlacht iomlán nó fhorleathan in 2007, tá céatadáin na gconraitheoirí tógála nach léiríonn ach roinnt géilliúlachta nó géilliúlacht theoranta fós ag leibhéal do-ghlactha ard in earnáil a mbíonn riosca chomh hard sin ag baint léi.

**Rátaí géilliúlachta ar láithreáin tógála a ndearnadh iniúchadh orthu.**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 55% | 48% | 52% |
| Roinnt géilliúlachta | 17% | 23% | 29% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 28% | 29% | 19% |

# Mianaigh agus Cairéil

Bhí dhá thionóisc mharfacha in earnáil na mianach agus na gcairéal sa bhliain 2007, an líon céanna agus a bhí in 2006. Bhain tionóisc mharfach amháin le gléasra soghluaiste ag stoc-charnadh cairéil. Tharla an dara tionóisc mharfach ag mianach faoi thalamh agus bhain sí le titim ó ardán.

Nuair a chuirtear an líon sách beag daoine atá fostaithe san earnáil san áireamh (thart ar 10,000) is figiúr do-ghlactha ard é an dá thionóisc sin, ach léiríonn sé feabhas ar 2005 nuair a cailleadh seisear (cúigear i gcairéil agus duine amháin i mianach). Níor tharla aon tionóisc mharfach san earnáil sin in 1995 ná in 2004, áfach, agus creideann an tÚdarás go bhfuil sé sin indéanta arís má dhéanann ceannairí agus bainisteoirí tionscail líon beag de ghuaiseacha príomhúla a rialú go héifeachtúil.

Rinneamar iniúchadh ar 524 oibríocht mianadóireachta agus cairéalaithe in 2007. Sna hiniúchtaí sin, leanadh ar aghaidh ag leagan béime ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta, bainistíocht tráchta, sábháilteacht gléasra socraithe, sciorradh talún, titim ó airde, obair chothabhála, sábháilteacht pléascán agus slándáil an fhálaithe.



Ba i mí Dheireadh Fómhair a reáchtáladh feachtas bliantúil 2007 maidir le sábháilteacht i gcairéil. Mar a tharla sna feachtais san am atá thart, fuaireamar amach nach raibh bainistiú réamhghníomhach á dhéanamh ar a lán de na fachtóirí a bhíonn ina gcúis le tionsóicí marfacha san earnáil sin, go háirithe ag oibreoirí meánmhéide agus oibreoirí níos lú. Léirigh na hoibreoirí níos mó go ndéanann siad saincheisteanna riosca chriticiúil

a bhainistiú ar shlí níos fearr. Theip ar roinnt láithreán áirithe, áfach, caighdeáin leordhóthanacha a choimeád, go háirithe maidir le rioscaí a bhaineann le gléasra soghluaiste agus socair, le titim ó airde agus le húsáid shábháilte pléascán. Eisíodh fógraí forfheidhmithe in 11% de na hiniúchtaí san earnáil seo.

Rinneamar 14 iniúchadh ar mhianaigh le linn 2007, agus bhain cuid acu sin le hiniúchtaí ar thionóiscí tromchúiseacha. I measc na saincheisteanna a raibh gá le haird a thabhairt orthu bhí gnásanna éigeandála, bainistíocht sláinte agus sábháilteachta, sábháilteacht gléasra soghluaiste, sciorradh talún, titim ó airde, agus sábháilteacht innealra agus pléascán.

Bhí Mianach Ghabhalmhaí i gCill Chainnigh ina óstach den Chomórtas bliantúil Tarrthála Mianach ar ghlac foirne ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe páirt ann. Cuireann a leithéid de chomórtais ar chumas na bhfoirne tarrthála dul in iomaíocht agus cleachtadh a dhéanamh ar chásanna éigeandála bréagacha atá an-chosúil le fíorchásanna, agus is modh riachtanach é sin chun feabhas a chur ar shaineolas na bhfoirne tarrthála éigeandála.

Thugamar cúnamh don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na dréacht-rialacháin le haghaidh cairéal a thabhairt chun críche.

### Táscairí Géilliúlachta

Léirionn figiúirí géilliúlachta in 2007 nár athraigh an leibhéal géilliúlachta - ar géilliúlacht iomlán nó fhorleathan é.

**Rátaí géilliúlachta i mianaigh agus i gcairéil a ndearnadh iniúchadh orthu**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 40% | 44% | 44% |
| Roinnt géilliúlachta | 32% | 33% | 49% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 28% | 23% | 7% |

## Seirbhísí Sláinte

In 2007, chuir an tÚdarás an Córas Bainistíochta Sábháilteacht, Leas agus Sláinte Cheirde chun cinn, chomh maith leis an Uirlis Iniúchta don Earnáil Sláinte a tugadh isteach in 2006 i gcomhpháirtíocht leis an earnáil.

Rinneamar 257 iniúchadh san earnáil sláinte, lena n-áirítear 18 iniúchadh ar thionóiscí agus 11 iniúchadh ar ghearáin. Dhírigh cigirí ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta.

### Táscairí Géilliúlachta

Léiríonn rátaí géilliúlachta do 2007 laghdú suntasach ar an ráta de ghéilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht go 3%.

**Rátaí géilliúlachta in áitribh seirbhísí sláinte a ndearnadh iniúchadh orthu**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 52% | 44% | 68% |
| Roinnt géilliúlachta | 36% | 22% | 29% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 12% | 34% | 3% |

## Údaráis Áitiúla

Sheol an tÚdarás 253 iniúchadh san earnáil riaracháin phoiblí in 2007 lena n-áirítear 32 iniúchadh ar thionóiscí agus 12 iniúchadh ar theagmhais.

### Táscairí Géilliúlachta

Léirigh rátaí géilliúlachta 2007 go raibh laghdú tagtha ar an líon ionad a measúnaíodh a léirigh géilliúlacht iomlán/fhorleathan i gcomparáid le 2006. Tháinig méadú orthu siúd a léirigh roinnt géilliúlachta.

**Rátaí Géilliúlachta in ionaid oibre údaráis áitiúil a ndearnadh iniúchadh orthu**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 53% | 58% | 43% |
| Roinnt géilliúlachta | 23% | 28% | 53% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 24% | 14% | 4% |

# Déantúsaíocht

Tharla ceithre thionóisc mharfacha san earnáil déantúsaíochta sa bhliain 2007.

Sheol an tÚdarás 1,965 iniúchadh déantúsaíochta sa bhliain 2007 – bhí 277 díobh sin bainteach le tionóiscí agus 71 bainteach le himscrúduithe ar ghearáin. Bhí clár iniúchta 2007 dírithe ar rialuithe maidir le titim ó airde, oibriú agus úsáid forcardaitheora, agus sábháilteacht coisithe. De réir mar ba chuí, rinneadh measúnacht ar an leibhéal géilliúlachta do cheanglais maidir le hatmaisféir phléascacha agus gníomhaithe ceimiceacha freisin.

### Táscairí Géilliúlachta


In 2007, léirigh rátaí géilliúlachta san earnáil sin go raibh feabhas beag tagtha ar an ráta géilliúlachta.

**Rátaí géilliúlachta in ionaid oibre déantúsaíochta a ndearnadh iniúchadh orthu**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 46% | 46% | 47% |
| Roinnt géilliúlachta | 30% | 30% | 40% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 24% | 24% | 13% |

# Athchúrsáil Dramhaíola

In 2007, rinne an tÚdarás 186 iniúchadh spriocdhírithe ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola údarás áitiúil agus eagraíochtaí príobháideacha araon. Dhírigh na hiniúchtaí ar chórais bhainistíochta sábháilteachta agus sláinte, ainmniú bealaí coisithe/tráchta, soláthar faisnéise d'oibrithe (le béim faoi leith ar náisiúnaigh choigríche), agus ar láithreacht ráitis sábháilteachta agus measúnuithe riosca.



# Guaiseacha Príomhúla

## Mórghuaiseacha Tionóiscí

Is ag an Údarás atá an ról d'údaráis inniúil náisiúnta de chuid an AE maidir le mórghuaiseacha tionóiscí a rialú in Éirinn.

Sa bhliain 2007, rinne an tÚdarás iniúchadh ar gach láithreán ainmnithe faoi smacht ag Rialacháin an AE um Mórghuaiseacha Tionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha, 2006 (COMAH) trí 110 iniúchadh a dhéanamh. Dhírigh na hiniúchtaí sin ach go háirithe ar chórais bhainistíochta sábháilteachta a bhain leis na córais rialaithe ardriosca de cheadanna oibre, aithint na mórghuaiseacha agus measúnú riosca. Deimhníodh go raibh cúig thuairisc sábháilteachta a cuireadh isteach faoi na Rialacháin go hiomlán críochnaithe in 2007, agus rinneadh measúnú mionsonrach ar thrí cinn eile; tá gá le faisnéis bhreise sular féidir na trí thuairisc sin a dheimhniú mar thuairiscí críochnaithe.

Bhí 447 cás inar thugamar comhairle d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála faoi úsáid talún i gceantair atá timpeall ar bhunaíochtaí mórghuaiseacha tionóiscí. Chuireamar tús le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith comhairle pleanála faoi úsáid talún i gcomhthéacs na dtreoirlínte Eorpacha is déanaí agus iniúchadh Buncefield. Beidh an tionscadal sin críochnaithe i lár 2008.

Bhíomar gníomhach ag spreagadh na n-údarás inniúil áitiúil chun pleananna éigeandála seachtracha a ullmhú agus a thástáil atá ag teastáil faoi Rialacháin COMAH. Rinne ár gcigirí monatóireacht freisin ar an tástáil a rinne údaráis inniúla áitiúla ar ocht bplean éigeandála sheachtracha do láithreáin COMAH ar chiseal uachtarach. D'fhreastalaíomar ar chruinnithe a bhí ag Coiste na nÚdarás Inniúil do chur i bhfeidhm Threoir COMAH an AE.

Rinneamar cinnte de gur comhlíonadh oibleagáidí faoi Acht na nArm Ceimiceach trí dhearbhú a chur faoi bhráid chomhlacht na NA, an Eagraíocht um Airm Cheimiceacha a Chosc (OPCW), a bunaíodh faoi Choinbhinsiún na NA um Airm Cheimiceacha. Rinneamar 326 iniúchadh ar láithreáin a raibh substaintí contúirteacha á gcoimeád iontu ach a bhí faoi thairseacha reatha feidhme na Rialachán COMAH. Rinneamar trí iniúchadh ar shaoráidí taiscéalaithe/saothraithe amach ón gcósta freisin chun géilliúlacht don reachtaíocht infheidhme chuí a mheas.

## Substaintí Guaiseacha

Comhlíonann an tÚdarás an ról d'údarás náisiúnta inniúil de chuid AE um aicmiú, pacáistiú, lipéadú agus fógairt substaintí contúirteacha, rialachán easpórtála/iompórtála, agus margú agus úsáid substaintí agus ullmhóidí contúirteachta.

Rinneamar 17 fógra substainte nua a mheasúnú agus a phróiseáil laistigh den amchlár éigeantach, le cois 44 síneadh agus díolúine ó fhógraí, agus ceithre nuashonrú d'fhógraí. Ní bhfuaireamar aon fhógra easpórtála faoin rialachán a bhaineann le hiompórtáil agus easpórtáil ceimiceán contúirteach.



Leanamar ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt beartais rialála um shábháilteacht cheimiceach maidir leis an nanaitheicneolaíocht ag leibhéal an AE. De dhroim an mholta ón gCoiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch, bhunaíomar grúpa oibre ad hoc faoin nanaitheicneolaíocht chun straitéis a fhorbairt d'úsáid shábháilte nanacháithníní ag an ionad oibre.

Rinneamar ionadaíocht ar spéis Éireannach ag líon suntasach cruinnithe agus grúpaí oibre de chuid an AE faoi fhorbairt reachtaíochta um shábháilteacht cheimiceach. Ag na cruinnithe sin de chuid an AE, chuamar i mbun comhairle leis na páirtithe leasmhara cuí maidir le forbairt an tseasaimh náisiúnta.

Bhí ról suntasach againn i gcaibidlíochtaí faoin Treoir um Margú agus Úsáid, ar treoir í a bhaineann le srianta ar mhargú mearcair i bhfeistí áirithe tomhais. Bhí ról suntasach againn freisin i dtogra an Choimisiúin le haghaidh cinnidh chun srianta a chur ar mhargú agus úsáid
eatánól (2-meatocsa-eatocsa) (DEGME),
eatánól 2-(2-butocsa-eatocsa) (DEGBE),
meitiléin défheinile diisocyanate (MDI),
cioglaiheacsán agus níotráit amóiniam.

Chomh maith leis sin, chuireamar páipéir seasaimh ar fáil agus bhí ionchur againn in idirbheartaíocht ag cruinnithe an ghrúpa oibre comhshaoil faoi fhorbairt rialachán nua faoi easpórtáil agus iompórtáil ceimiceán contúirteach.

Rinneamar dul chun cinn ar mheasúnuithe ar an riosca i gceist do shláinte an duine ó thrí shubstaint tosaíochta agus rinneadh chomhaontú deiridh faoi dhá ceann de na tuairiscí sin ag leibhéal an AE.

Mar chuid de Straitéis Oideachais an Údaráis, rinneamar cur i láthair ar shábháilteacht cheimiceach sa tsaortharlann do mhúinteoirí eolaíochta le linn an chomórtais 'Young Scientist', agus chabhraíomar le hullmhú plean ceachta dar teideal 'Lipéadú agus Úsáid Shábháilte Ceimiceán' do gach meánscoil in Éirinn don tríú eagrán de 'Science and Technology in Action'.

## REACH agus GHS

Le linn 2007, leanadh de chur i bhfeidhm Rialacháin REACH (Clárú, Measúnú, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán) agus GHS (Córas Comhchuibhithe Domhanda i gcomhair aicmiú agus lipéadú substaintí agus ullmhóidí). Úsáideadh acmhainní ó a lán codanna éagsúla den Údarás lena chinntiú go mbeimis ullamh an dá Rialachán sin a chur i bhfeidhm. Téann ár bpleananna cur i bhfeidhm le pleananna in an-chuid Ballstát eile, agus tá siad cuid mhaith níos forbartha ná roinnt de na pleananna eile sin. Tháinig Rialachán REACH i bhfeidhm ar 1 Meitheamh 2007.

In 2007, chuir an Coimisiún Eorpach tús le hathbhreithniú ar roinnt iarscríbhinní REACH i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin. Táimid ag déanamh ionadaíochta ar an Spéis Éireannach san fhoghrúpa a bunaíodh chun an obair sin a leanúint. Chuamar i gcomhairle le agus rinneamar ionadaíocht ar thionscal na hÉireann maidir leis an athbhreithniú atá á dhéanamh ar Iarscríbhinn IV faoi láthair. Leanamar ag tabhairt cúnamh gníomhach do thionscadail Straitéise Eatramhaí REACH de chuid an Choimisiúin freisin. Ba é an cúram a bhí ar na tionscadail sin treoir theicniúil a fhorbairt do thionscail agus d'údaráis inniúla chun cabhair a thabhairt dóibh a gcuid dualgas faoi REACH a chomhlíonadh. Ghlacamar páirt ghníomhach i ndeich tionscadal cur i bhfeidhm, agus tá athbhreithniú déanta againn ar dhul chun cinn agus ar thorthaí na gcúig tionscadal eile atá fágtha. Tá cuid mhaith den treoir sin ar fáil anois ar láithreán gréasáin na gníomhaireachta nua-bhunaithe, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA): www.echa.eu. Táthar ag súil go mbeidh na doiciméid treorach nach bhfuil ann fós críochnaithe agus ar fáil faoi shamhradh 2008.



Ba ar 1 Meitheamh 2007 a bunaíodh an ECHA ar a bhfuil an bhfreagracht as riarachán lárnach REACH. Ón dáta sin ar aghaidh, táimid ag obair leis an nGníomhaireacht chun cabhair a thabhairt di an ról sin a chomhlíonadh agus chun tacaíocht a thabhairt do bhunú na gcoistí teicniúla, eolaíocha agus forfheidhmithe ar leith. Tá ceithre ainmní ón Údarás ag glacadh páirte mar shaineolaithe sna Coistí Ballstáit, Measúnaithe Riosca agus Anailíse Socheacnamaíche, chomh maith leis an bhFóram a bhaineann le forfheidhmiú. Rinne bord bainistíochta ECHA ár n-ainmnithe a dhaingniú agus ba é an chéad choiste a tháinig le cheile go foirmiúil ná an Fóram i mí na Nollag, 2007.

Ba ar an 27 Meitheamh 2007 a foilsíodh an Rialachán chun GHS a thabhairt isteach san Eoraip. Bhí ról suntasach againn in idirbheartaíocht na Comhairle – ghlacamar páirt i naoi gcruinniú Comhairle, chuireamar nótaí tráchta sonraithe teicniúla isteach agus rinneamar idirchaidreamh leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le ranna

eile rialtais, agus le páirtithe leasmhara tionscail chomh maith. Ghlacamar páirt i gcruinnithe de chuid na Náisiún Aontaithe faoi GHS agus i bhforbairt treorach don Rialachán GHS a bheidh ann sa todhchaí (RIP 3.6). Bhunaíomar láithreán gréasáin (www.ghs.ie) agus deasc chabhrach (ghs@hsa.ie). Bhunaigh Coiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch an Údaráis grúpa oibre ad-hoc chun feasacht ar GHS i measc grúpaí ionadaíochta a chur chun cinn, agus chun dul i gcomhairle leis na grúpaí sin ar shaincheisteanna ábhartha maidir leis an idirbheartaíocht a bhí ar siúl.

Mar chuid de straitéis cur i bhfeidhm REACH, chuireamar clár suntasach feasachta ar REACH ar fáil le linn 2007. Ba chuid lárnach den chlár sin iad trí fheachtas meán ar leith sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla agus ar an raidió, chomh maith le dhá feachtas poist dhírigh. Reáchtálamar sé sheimineár bricfeasta do ghrúpaí leasmhara tionscail agus fostaithe cuí. Bhí seimineár lainseála againn i mBaile Átha Cliath ar an 29 Bealtaine a bhí comhthráthach le tabhairt isteach Rialachán REACH ar an 1 Meitheamh. I mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair reáchtáladh seacht seimineár réigiúnacha chun sonraí breise faoi REACH a sholáthar don tionscal Éireannach.

Ghlac an tÚdarás páirt i réimse seimineár eile a d'eagraigh grúpaí eile leasmhara cosúil le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Institution of Occupational Safety and Health (IOSH), Pharmachemical Ireland, ICT Ireland, agus an Animal and Plant Health Association (APHA).

D'fhreagair deasc chabhrach REACH 500 ceist le linn na bliana. Tháinig formhór na gceisteanna sin ó ghnólachtaí Éireannacha atá ag iompórtáil agus ag úsáid ceimiceán a mbeidh tionchar díreach ag REACH orthu. Is fiontair bheaga/mheánmhéide iad formhór na gcuideachtaí a bhaineann úsáid as an ndeasc chabhrach agus bhí ár n-iarrachtaí um fheasacht a mhúscailt dírithe orthu sin freisin. Trí fheidhm na deisce cabhraí, chabhraíomar le sraith de Cheisteanna Coitianta faoi REACH atá forbartha ag an ECHA a thabhairt chun críche. Tugadh ár leathanach gréasáin 'REACHRight' cothom le dáta go minic leis an bhfaisnéis ba dheireanaí le linn 2007.

Rinneamar thart ar 400 iniúchadh ar fheasacht REACH in 2007 chun leibhéil feasachta faoi Rialacháin REACH agus GHS a mheasúnú thar réimse earnálacha déantúsaíochta, lena n-áirítear tionscal na déantúsaíochta ceimicí.

Fuarthas amach go raibh leibhéil mhaithe feasachta ar REACH (62%), agus d'fhéach formhór na n-ionad ar ar tugadh cuairt orthu féin mar 'úsáideoirí iarmhartacha' (88%), le céatadáin níos lú bainteach leis an déantúsaíocht (12%) agus le hiompórtáil ceimiceán (30%). Bhí leibhéal íseal feasachta ar GHS (33%); seans gur tharla sin toisc go raibh ár bhfeachtais múscailte feasachta dírithe den chuid is mó ar REACH in 2007 toisc go bhfuiltear fós ag forbairt GHS ag leibhéil an AE.

D'fhonn leanúint de na hullmhúcháin le haghaidh chur i ngníomh REACH, d'earcaíomar foireann speisialtóra le linn 2007 chomh maith agus sholáthraíomar oiliúint ábhartha do bhailll foirne nua agus reatha.

## Sláinteachas Oibre

Cuireann an tÚdarás reachtaíocht i bhfeidhm le haghaidh gníomhaithe ceimiceacha, aispeiste agus le haghaidh gníomhaithe bitheolaíocha. Forbraíonn sé tograí reachtaíochta agus treoir ghaolmhar le haghaidh gníomhaithe fisiceacha, lena n-áiritear torann agus creathadh. Chuimsigh ár gclár iniúchta iniúchtaí réamhghníomhacha agus frithghníomhacha. Dhírigh na feachtais iniúchta ar bhealaigh nochta ar leith nó ar chineálacha tionscail ar leith. In 2007 rinneamar 211 iniúchadh monatóireachta ar aispeist.

Chomh maith leis sin, chríochnaíomar 230 iniúchadh ar ghníomhaithe ceimiceacha i gcomhar le suirbhé ar leibhéil feasachta na dtionscal ar Rialachán nua REACH.

## Tionscal na Muisiriún

Le linn 2007, rinneamar 103 iniúchadh ar shaoráidí atá páirteach sa tionscal táirgthe muisiriún. Fuarthas amach go n-úsáideann formhór na saothróirí muisriún dífhabhtáin cheimiceacha nó fungaicíd a mbaineann guaiseacha íseal go leor leo nó ar féidir na guaiseacha lena mbaineann a rialú go héasca. Aithníodh gur úsáid 10% de na saothróirí muisiriún dífhabhtáin a mbaineann guaiseacha ar leith leo gan nósanna imeachta nó rialuithe dochta maidir lena n-úsáid shábháilte a bhunú nó a chur i bhfeidhm go cuí dóibh. Cuireadh bac ar úsáid na substaintí sin.

Bhí na córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta lagfhorbartha san earnáil sin. Rinne gníomhartha forfheidhmiúcháin i 5% de na cásanna agus cuireadh comhairle i scríbhinn ar fáil i 35% de na cásanna eile mar chuid den chlár iniúchta ar an tionscal táirgthe muisiriún do bhliain 2007.

### Nochtadh ar Chreathadh Lámh

San earnáil tógála agus san earnáil déantúsaíochta troscán, rinneadh iniúchadh ar 56 gníomhaíocht oibre le haghaidh creathadh lámh. In an-chuid cásanna, sáraíodh an gníomhluach nochta ar chreathadh de 2.5m/s2. Sáraíodh an t-uasluach nochta de 5m/s2 i gcás amháin. Leag na hiniúchtaí sin béim ar an riosca a bhaineann le creathadh lámh sna cineálacha ionaid oibre a ndearnadh iniúchadh orthu agus go gcaithfidh fostóirí measúnuithe riosca a dhéanamh lena chinntiú go ndéantar é a rialú go leordhóthanach.

### Suirbhé Monatóireachta ar Shilice

Le linn 2006 agus 2007, rinneamar monatóireacht ar aer i 35 ionad oibre chun silice chriostalach in-análaithe agus deannach in-análaithe a aimsiú. Rinneadh an suirbhé i gcairéil, i measc saoir chloiche a bhí ag próiseáil eibhir, agus in áitribh bhaiscthe agus láimhsithe coincréite.

Léirigh an chéad iniúchadh ar thorthaí nach saincheist mhór sláinteachas oibre é nochtadh ar shilice in Éirinn toisc gur aolcloch é formhór den chloch dhúchasach (a bhfuil leibhéal íseal silice ann). Baineann an cleachtas reatha maidir le próiseáil eibhir le hiompórtáil táirgí i bhfoirm earraí réamhchríochnaithe, den chuid is mó. Dá bhrí sin, ní dhéanann ach líon beag cuideachtaí an t-eibhear a phróiseáil iad féin; déanann sé sin an líon oibrithe a bhíonn nochta ar shilice a laghdú.

### An Cód Cleachtais um Ghníomhaithe Ceimiceacha

Rinneadh an Cód Cleachtais um Ghníomhaithe Ceimiceacha - a thugann breac-chuntas ar uasluachanna nochta ceirde (OELVs) do roinnt ceimiceán – a nuashonrú agus a fhoilsiú.

## Iompar agus Stóráil Earraí Contúirteacha

Rinne an tÚdarás 877 seiceáil bhóthair ar fheithiclí in 2007. Bhí baint ag 686 díobh siúd le hiompar earraí contúirteacha. Bhí na rátaí géilliúlachta in 2007 cosúil leo siúd a taifeadadh in 2006.

Rinneadh 118 fíneáil ar an láthair a thaifeadadh faoi na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), 2006 agus 2007 mar thoradh ar sháruithe a chonacthas le linn na seiceálacha bóthair sin.

Sa bhreis air sin, rinneadh iniúchadh ar 243 áitreabh iompair d'earraí contúirteacha. Rinneamar ráta iomlán géilliúlachta de 54% a thaifeadadh i comparáid leis an ráta géilliúlachta de 58% a chonacthas in 2006.

Rinneamar 156 iniúchadh ar stáisiúin pheitril mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas. Ar na saincheisteanna a bhí os ár gcomhair bhí droch-chothábháil píobáin pheitril agus feisteas, dromchla bocht talún thart ar chaidéil, áiseanna bochta leasa agus easpa de ráitis sábháilteachta



Rannchuidíomar leis an athbhreithiú ar an Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus ar rialacháin bhainteacha. Chomhlíon an tÚdarás a chuid feidhmeanna mar údarás inniúil i dtaobh na Creat-Treorach ADR, Seiceálacha ADR, agus na dTreoracha um Chomhairleoir Sábháilteachta agus Brú- Threalamh Iniompartha (TPED).

D'fhorbraíomar straitéis chun riachtanais TPED a chur i bhfeidhm agus bhíomar mar chomhpháirtí ag an mBord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) chun roinnt feidhmeanna údaráis inniúil a chomhlíonadh. Rinneamar Scéim Scrúdaithe Tiománaithe an ADR a bhainistiú. Eagraíodh 49 scrúdú agus rinneadh 1,379 tiománaí a scrúdú. Rinneadh athbhreithniú agus athnuachan ar cheaduithe bliantúla na gcúig sholáthraí oiliúna reatha atá ceadaithe chun cúrsaí oiliúna tiománaithe an ADR a chur ar fáil. Rinneadh 144 iarrthóir a iniúchadh faoin gComhairleoir Sábháilteachta Earraí Contúirteacha don Scéim Scrúdaithe Bóthair.

Tháinig na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 in éifeacht nuair a síníodh iad i mí an Mheithimh.

2007. Thosaíomar athbhreithniú ar an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar.

Rinneamar ionadaíocht ar an spéis náisiúnta Éireannach ag sé chruinniú idirnáisiúnta de ghrúpaí oibre teicniúla agus sainghrúpaí oibre ag leibhéal náisiúnta, an UNECE (Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip), an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta. D'ullmhaíomar coimrí agus thugamar tacaíocht do ranna cuí rialtais chun cabhrú leo idirbheartaíocht ghrúpa oibre an AE faoin Treoir nua maidir le hIompar Intíre Earraí Contúirteacha a chur chun cinn.

**Rátaí géilliúlachta maidir le hiompar earraí contúirteachta de bhóthar (ADR)**

| GÉILLIÚLACHT | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 84% | 89% |
| Roinnt géilliúlachta | 10% | 4% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 6% | 7% |

## Láimhsiú

Stiúir an tÚdarás 341 iniúchadh ar láimhsiú le linn 2007, le béim faoi leith ar na hearnálacha sláinte agus iompair mar chuid d'fheachtas comhordaithe ar fud an AE.



Forbraíodh ceithre chaighdeán oiliúna le haghaidh láimhsithe agus cuireadh faoi bhráid FETAC (Comhairle na gCáiliúchán Breisoideachais agus Oiliúna) iad lena bhfaomhadh. Foilsíodh tuarascáil taighde bunaithe ar fhianaise faoi theagmhais láimhsithe/láimhsithe othar san earnáil sláinte agus scaipeadh é i gcomhar le hÁrachas Comhairlí Éireann Teo. Foilsíodh trí bhróisiúr ar ár láithreán gréasáin le treoir faoi láimhsiú sna hearnálacha iompair agus sláinte. Cuireadh clár inmheánach oiliúna cigire agus treoir do na hearnálacha sin ar fáil. Críochnaíodh deich bhfeachtas poiblíochta chun feasacht a mhúscailt, le cás-staidéir bheoite faoi láimhsiú san áireamh iontu, agus cuireadh ar an láithreán gréasáin iad i mí Lúnasa 2007. Reáchtáladh ocht seimineár ar fud na tíre do 250 rannpháirtí bunaithe ar neamhoird mhatánchnámharlaigh. Tugadh feachtas nuachtáin agus meán chun críche chomh maith.

**Rátaí géilliúlachta maidir le hiniúchtaí ar láimhsiú**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 50% | 44% | 56% |
| Roinnt géilliúlachta | 21% | 28% | 27% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 29% | 28% | 17% |

# Sábháilteacht Feithicle san Ionad Oibre

Aithníodh gníomhaíochtaí feithicle agus gléasraí san ionad oibre mar ghníomhaíochtaí ardriosca i ngach earnáil. Tá baint acu le leibhéal ard gortuithe tromchúiseacha agus marfacha a tharlaíonn d'oibrithe. In 2007, ba ar na rioscaí atá ann do choisithe san ionad oibre agus ar chothabháil cheart na bhflíteanna feithiclí a leag an tÚdarás béim.



Rinneamar 230 iniúchadh thar gach earnáil tionscail. Chuir clár na n-iniúchtaí béim faoi leith ar fhianaise go raibh measúnuithe riosca i bhfeidhm d'fheithiclí san ionad oibre agus ar ghluaiseachtaí chun tionóiscí a sheachaint, agus ar a chinntiú go raibh córais chuí chothabhála feithiclí i bhfeidhm chun ródacmhainneacht a chumasú, go raibh rochtain shábháilte ar airde agus ualaí arda chomh maith le bealach amach uatha, go raibh gníomhaíochtaí sábháilte ualaithe agus dí-ualaithe ag cuais lódála, agus ar láimhsiú ábhar.

Lorgaíomar tairiscíntí taighde chun bunlíne a chruthú do ghéilliúlacht sábháilteachta i leith feithiclí ag an ionad oibre tras-earnála (gan mianaigh, cairéil agus tógáil a áireamh) chun fáisnéis a sholáthar dár gcur chuige i leith feidhmíocht sábháilteachta a chur chun cinn.

D'fhorbraíomar faisnéis faoi shábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht flíteanna. Leagamar béim ar an ngá riachtanais sábháilteachta feithiclí ag an ionad oibre a bhainistiú go héifeachtúil agus a chuimsiú i ráitis sábháilteachta, agus ar an ngá measúnuithe cuí riosca a dhéanamh.

Rinneadh géilliúlacht a mheas ar bhonn rialuithe iomchuí, lena n-áiritear measúnuithe ar an bhflít, cothabháil an fhlít, coisithe a scaradh amach ó fheithiclí ag an ionad oibre, leagan amach sábháilte an ionaid oibre agus cineál na gníomhaíochta feithicle.

**Rátaí géilliúlachta maidir le hiniúchtaí ar iompar feithiclí ag an ionad oibre.**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 60% | 50% | 45% |
| Roinnt géilliúlachta | 33% | 33% | 40% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 7% | 17% | 15% |

## Sciorrthaí, Tuislí agus Titim

Is sciorrthaí, tuislí agus titim iad cuid mhór de na tionóiscí a bhaineann leis an obair. Rinneadh treoirchlár sábháilteachta faoi leith a bhain le sciorrthaí, tuislí agus titim le cuideachtaí éagsúla in 2007. Sa bhreis air sin, bhunaigh an tÚdarás grúpa inmheánach a raibh taithí acu ar dhromchlaí a mheasúnú d’fhriotaíocht sciorrthaí. Tugadh trealamh teicniúil don ghrúpa sin chun cur ar a gcumas anailís dá leithéid a dhéanamh.

Rinneadh measúnú ar rialú sciorrthaí, tuislí agus titime i níos mó ná 10,000 iniúchadh. Chonachtas géilliúlacht iomlán nó géilliúlacht fhorleathan i 44% de na láithreáin sin, sa chaoi go raibh dea-bhainistí i bhfeidhm, go ndearnadh urláir agus staighrí a chothabháil agus go raibh rialuithe doirte agus uisce i bhfeidhm; chonacthas roinnt géilliúlachta i 40% agus géilliúlacht theoranta nó gan aon ghéilliúlacht i 16% de na láithreáin.

Foilsíodh treoir faoi sciorrthaí, tuislí agus titim a chosc ar ár láithreán gréasáin.

## Torann

Le linn a chláir iniúchta in 2007, lean an tÚdarás ag cur feasachta chun cinn ar phríomhfhorálacha na Rialachán um Rialú Torainn ag an Obair, 2006. Rinneadh 64 iniúchadh ar thorann. Aithníodh limistéir thorannacha i 67% de na cásanna, agus rinneadh an trealamh cosanta pearsanta (PPE) cuí a sholáthar i 99% de na cásanna. Bhí cláir de bhearta rialaithe torainn á gcur i bhfeidhm i 63% de na cásanna.



# Cláir a Bhaineann le Gach Earnáil

## Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta san Ionad Oibre

Tá córais um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta, déanamh measúnuithe riosca, agus ullmhú ráitis sábháilteachta ag croílár na bainistíochta ginearálta in ionaid oibre ar fud an stáit. Den chuid is mó, cuimsíonn an fheidhm sin ullmhú agus cur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta.

Chuathas sa tóir ar ráitis sábháilteachta i 92% de na hionaid a ndearna an tÚdarás iniúchadh orthu in 2007. Bhí siad ar fáil i 70% díobh sin (69% in 2006). Rinneamar monatóireacht ar shampla de na rioscaí príomhúla a aithníodh sna ráitis sin chun féachaint an raibh bearta coiscthe i bhfeidhm sna hionaid oibre ar tugadh cuairt orthu.

Rinne an earnáil sláinte agus an earnáil údaráis áitiúil araon gealltanais go gcuirfidís córais um bainistíocht sábháilteachta agus sláinte i bhfeidhm.

Leanamar ag obair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun córas um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta a thabhairt isteach do scoileanna. Thosaigh obair ar an tionscadal seo ag ocht dtreoir-shuíomh iar-bhunoideachais.

### Táscairí Géilliúlachta

Bhí na leibhéil ghéilliúlachta in 2005 agus 2006 an-chosúil lena chéile. Tháinig laghdú ar an leibhéal géilliúlachta in 2007, áfach.

**Rátaí géilliúlachta maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta.**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 55% | 57% | 48% |
| Roinnt géilliúlachta | 41% | 40% | 47% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 4% | 3% | 5% |

## Cur i bhfeidhm an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Lean an tÚdarás de chlár réamhghníomhach iniúchta faoi Acht 2005. Áirítear ar an gcur chuige sin comhairle agus faisnéis a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus gníomhartha forfheidhmithe a dhéanamh más gá.

Bhain cigirí leas as a n-iniúchtaí chun fostóirí a chur ar an eolas faoi na ceanglais agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht dóibh. Chuir siad béim ar leith ar na hathruithe a bhaineann le déanamh measúnuithe riosca, ullmhú agus nuashonrú ráitis sábháilteachta, agus dliteanais stiúrthóirí faoi Alt 80 d'Acht 2005.

Rinneadh gníomhartha forfheidhmithe faoi Acht 2005 nuair ba ghá, go háirithe i rith iniúchtaí ar thionóiscí agus ar theagmhais thromchúiseacha.

Sna háitribh a ndearnadh iniúchadh orthu, chuir cigirí eochair-cheisteanna ar stiúrthóirí agus/nó ar bhainisteoirí sinsearacha faoina bhfeasacht ar a gcuid freagrachtaí sábháilteachta agus sláinte faoin Acht, 2005 agus faoina leibhéal géilliúlachta don Acht. Tá an suirbhé ina chuid de chlár chun leibhéil ghéilliúlachta a sheiceáil agus a chur i gcomparáid lena chéile sa tréimhse ó 2006 go 2008. In 2007, léiríodh roinnt feabhsuithe ar na leibhéil feasachta a taifeadadh le linn na 11,587 iniúchadh a rinneadh thar gach earnáil agus i gcomhlachtaí ar gach méid.

**Rátaí géilliúlachta maidir leis an leibhéal feasachta ar fhreagrachtaí faoi Acht 2005**

| GÉILLIÚLACHT | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 40% | 41% |
| Roinnt géilliúlachta | 40% | 43% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 20% | 16% |

**Rátaí géilliúlachta maidir leis an leibhéal feasachta ar chomhlíonadh Acht 2005**

| GÉILLIÚLACHT | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 44% | 45% |
| Roinnt géilliúlachta | 38% | 40% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 18% | 15% |

D'fhoilsíomar *Guidance for Directors and Senior Managers on their Responsibilities for Workplace Safety and Health* in 2007. Cuimsíonn an leabhrán sin freagrachtaí na ngrúpaí sin i leith bainistíochta sláinte agus sábháilteachta. Agus measúnú á dhéanamh acu ar ghéilliúlacht, chuir cigirí an treoir atá sa leabhrán chun cinn, ar treoir é a chomhlánaíonn na treoirlínte seo a leanas de chuid an Údaráis. Rinneadh na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta agus a athfhoilsiú in 2007:

- *Treoirlínte faoi Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta*
- *Treoirlínte faoi Ionadaithe Sábháilteachta agus Comhairliúchán Sábháilteachta*
- *Treoirlínte faoi Shábháilteacht ag an Ionad Oibre agus Bainistíocht Sláinte*

## Iniúchtaí Frithghníomhacha

Rinne an tÚdarás gach bás a tuairiscíodh san ionad oibre a iniúchadh in 2007 agus leanamar díobh nuair ba ghá. Nuair a chonacthas sárú reachtaíochta, agus nuair a bhí an fhianaise ar fáil chun tacú le hionchúiseamh, cuireadh comhaid chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí/an Príomh-Aturnae Ionchúisimh.

Le linn 1,361 cuairt (méadú ar na 1,178 cuairt le linn 2006), rinneamar iniúchadh ar níos mó ná 10% de na tionóiscí tromchúiseacha neamh-mharfacha a fógraíodh. Mar chuid de na cuairteanna sin, cuireadh agallaimh ar oibrithe gortaithe agus ar fhinnéithe tionóiscí ina dtithe féin. I rith 2007, fuaireamar 3,729 gearán. Thug cigirí 975 cuairt ar láithreáin chun iad sin a iniúchadh, nó lean ball foirne den Aonad Teagmhála Ionad Oibre díobh trí ghlao teileafóin ar nó i scríbhinn.

Sna cásanna ina raibh tionchar díreach ag gníomhaíochtaí oibre ar shláinte agus sábháilteacht an phobail, thugamar faoi obair fhrithghníomhach laistigh de théarmaí Alt 12 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

## Ionchúisimh agus Caingne Cúirte

Baineann an tÚdarás leas as leibhéal ard rialachais chun a chinntiú go ndéantar iniúchtaí agus go ndéantar comhaid a ullmhú ar leibhéal ardchaighdeáin.

I rith 2007:

- Rinneamar gach comhad iniúchta a seoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a tharchur de réir na nósanna imeachta comhaontaithe agus i bhformáid Oifig an DPP.
- Dhírigh ár nAonad Imscrúdaithe Speisialta ar iniúchtaí ar thionóiscí marfacha agus ar theagmhais thromchúiseacha.
- D'úsáideamar ár nósanna imeachta athbhreithnithe i leith ionchúiseamh sa phróiseas forfheidhmithe agus iniúchta de réir an chleachtais is fearr.
- Leanamar orainn ag obair leis an nGarda Síochána d'fhonn an leibhéal comhoibrithe is fearr a bhaint amach idir an dá ghníomhaireacht iniúchta.

**Táscairí feidhmíochta maidir le hionchúisimh 2007**

| Cineál imeachtaí | Iomlán ar éisteadh leo | % de na cásanna iomlána ar éisteadh leo go hachomair, díotáil agus achomharc | Díbhí | Achomharc chuig an gCúirt Chuarda | Achomharc chuig an gCúirt Dúiche | Pianbhreith ar fionraí | Acht Promhaidh | Fíneálacha € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Achoimre | 14 | 45% | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 27,672.50 |
| Díotáil | 17 | 55% | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 756,700 |
| **Iomlán** | **31** | **100%** | **1** | **1** | **1** | **0** | **2** | **784,372.50** |

D'fhonn teacht ar liosta iomlán de thorthaí na n-ionchúiseamh in 2007, féach Aguisín A.

# Córais Forfheidhmithe

Leanamar orainn ag forbairt ár gcórais TF i gcomhair forfheidhmithe dar teideal 'Córas SAFE' (System for Accident and Field Enforcement). Beidh an fheidhmiúlacht TF is déanaí sa chóras nua agus cuirfidh sé go mór le hobair allamuigh na gcigirí. Dámhadh conradh chun an córas nua TF a fhorbairt i mí na Samhna.

Thugamar treoir na gcigirí faoi fhorfheidhmiú cothrom le dáta ionas go rachadh sé le forbairt na dtreoirlínte nua faoi thopaicí oibríochtúla cosúil le sláinte cheirde agus bainistíocht sláinte agus sábhailteachta. Rinneamar monatóireacht ar ghéilliúlacht, agus iniúchtaí ar thionóiscí agus ar ghearáin de réir na nósanna imeachta comhaontaithe sin. D'fhorbraíomar agus chuireamar i bhfeidhm clár oiliúna do 15 cigire nua. Ghlac cigirí oilte páirt i gclár oiliúna faoi na Rialacháin Feidhme Ginearálta, 2007 agus faoi thopaicí eile príomhúla atá i gclár oibre 2007 cosúil le bainistíocht sláinte agus sábháilteacha, sláinte cheirde, agus forfheidhmiú tógála agus talmhaíochta.

# An tAonad Teagmhála Ionad Oibre

Le linn 2007, rinne an tÚdarás tuilleadh forbartha ar a fheidhm teagmhála ionaid oibre, a raibh mar phríomhchuspóir aige faisnéis a sholathár don phobal ar shlí phroifisiúnta, éifeachtúil agus saoráideach do chustaiméirí. Fuaireamar thart ar 40,000 teagmháil in 2007. Áirítear orthu siúd tuairiscí ar theagmhais thromchúiseacha/ar bhásanna, iarratais ar fhaisnéis, agus gearáin. Chonacthas ráta thart ar 2.5% maidir le glaonna teileafóin a críochnaíodh gan choinne, ar ráta é a bhain amach an sprioc de 5% (nó níos lú) a bhí againn.

I mí Lúnasa cuireadh tús le staidéar neamhspleách ar shástacht custaiméirí agus léirigh sé go soiléir go raibh leibhéal ard sástachta i measc custaiméirí a bhíonn i dteagmháil leis an Údarás. Áirítear ar na príomhthorthaí:

- Bhí beagnach 80% de na custaiméirí sásta go hiomlán nó sásta den chuid is mó leis an tseirbhís.
- Bhraith 78% go ndearna an fhoireann gach a raibh ina gcumas chun cabhair a thabhairt dóibh.
- Tugadh ráta 'ar fheabhas' do phroifisiúntacht agus cúntacht na foirne

Ag deireadh 2007, rinne an Customer Contact Association (CCA) agus an British Standards Institute (BSI) an tÚdarás a iniúchadh le haghaidh creidiúnaithe agus moladh creidiúnú iomlán a thabhairt dó.

# Faireachas Sláinte

Rinneadh suirbhé ar fhaireachas sláinte sa dara leath de 2007 chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht d'Alt 22 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Rinne sé monatóireacht ar cé acu an mbreathnaíonn an measúnú riosca (atá riachtanach faoi Alt 19 d'Acht 2005) ar fhaireachas sláinte mar rogha rialaithe nó nach mbreathnaíonn agus a mhéid a bhí faireachas sláinte ar fáil d'oibrithe mar thoradh ar mheasúnú riosca. Rinneadh níos mó ná 5,000 iniúchadh.

**Rátaí géilliúlachta maidir le faireachas sláinte**

| GÉILLIÚLACHT | Measúnú riosca a rinneadh | Faireachas Sláinte a cuireadh ar fáil |
|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 24% | 15% |
| Roinnt géilliúlachta | 38% | 27% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 38% | 58% |

# Comharthaí EC na nInnealraí

In 2007 rinne an tÚdarás 190 iniúchadh a bhí dírithe ar chomharthaí CE, dearbhuithe oiriúnuithe, comhaid theicniúla agus soláthar faisnéise d'úsáideoirí ag an soláthraí.

Eisíodh foláirimh faisnéise faoi na comhlaí brú ar choirí uisce agus faoi bharraí cosanta iompaithe. Rinne an tÚdarás ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe an AE faoi innealraí agus brú-threalamh.

Forbraíodh tograí le haghaidh rialachán chun Treoir athbhreithnithe Uimh. 2006/42/EC faoi Innealraí a chur i bhfeidhm. Corpraíodh forálacha cuimsitheacha le haghaidh scrúdú reachtúil trealamh ardúcháin sna Ralacháin Feidhme Ginearálta, 2007. Eisíodh foláirimh riosca maidir le córais bhrúchóirithe uisce te, barraí iompaithe dumpairí agus tancaeir stroighne.

Chabhraíomar leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na Éireann (NSAI) caighdeáin nua chraenach agus caighdeán athbhreithnithe chun gás peitriliam leachtaithe (LPG) a stóráil a fhorbairt.

**Rátaí géilliúlachta maidir le hiniúchtaí ar chomharthaí EC ar innealraí**

| GÉILLIÚLACHT | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Géilliúlacht iomlán/fhorleathan | 58% | 53% | 55% |
| Roinnt géilliúlachta | 19% | 21% | 27% |
| Géilliúlacht theoranta/gan aon ghéilliúlacht | 23% | 26% | 18% |

## Clár Cosanta Deonach

In 2007 críochnaíodh treoirthionscnamh an Chláir Chosanta Dheonaigh ar chomhfhiontar é lenár gcomhghleacaithe san Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta, Tuaisceart Éireann (HSE NI). Aithníodh go raibh dul chun cinn suntasach déanta ag ceithre chuideachta a ghnóthaigh an stádas 'Réalta' ón gclár sin agus go raibh ardchaighdeán bainte amach acu i mbainistíocht sláinte agus sábháilteachta. Socraíodh go mbeadh cur chuige aitheantais agus tacaíochta ag an Údaráis i leith tionscnamh den sórt sin sa todhchaí,agus nach mbeadh sé mar an comhlacht náisiúnta feidhmithe.

## Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha

Choimeád an tÚdarás na comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bunaíodh ag leibhéal náisiúnta in 2005 chun feabhas inláimhsithe a bhaint amach i réimsí a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu. Ba é 2007 an tríú bliain dár gcomhghuaillíocht straitéiseach le Líonraí BSL. Ba é an toradh suntasach a bhí ar an gcomhghuaillíocht sin ná Cód Cleachtais faoi Línte Cumhachta Lastuas a bhí ar fáil mar dhréacht deiridh agus mar ábhar comhairliúcháin ag deireadh na bliana. Bhí eispéireas dearfach againn lenár gcomhghuaillíocht le Teagasc agus an toradh a bhí air ná dearadh agus bunú clár oiliúna ar leith chun cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí Cód Cleachtais na Talmhaíochta a chur i bhfeidhm. Tá an oiliúint sin ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an gCód agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht feirme. Chomhaontaigh an tÚdarás agus Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann go ndéanfaí scrúdaitheoirí leighis tumadóirí a aithint go cómhalartach.

## Oideachas

Tá cláir oideachais an Údaráis deartha chun múinteoirí agus mic léinn araon a mhealladh ar mhaithe le meon de 'shábháilteacht chun tosaigh' a chothabháil i measc oibrithe níos óga agus i measc daoine atá chun tús a chur lena saol oibre.

Tá tús curtha leis an gcéim feidhmithe maidir le príomhshruthú sláinte agus sábháilteachta ag leibhéil na luathfhoghlama, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Tagann sé sin sna sála ar fhoilsiú na tuarascála dar teideal *Mapping Health and Safety in the Curriculum* a rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA). Rinneamar acmhainn foghlama agus múinteoireachta a fhorbairt agus a thosú do mhic léinn i ndiaidh an Teastais Sóisearaigh dar teideal 'Choose Safety'. Tá sé mar aidhm ag an acmhainn seo daoine óga a ullmhú do thaithí oibre agus don saol oibre.

In 2007 sheolamar clár oiliúna maidir le sláinte agus sábháilteacht sna scoileanna do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoileanna trí líonra na n-ionad oideachais náisiúnta. Bhí éileamh mór ag múinteoirí air agus rinne sé feasacht a mhúscailt ar fud na hearnála.

Leanamar orainn ag glacadh páirte i gClár Gnóthachtála na nÓg a chinntíonn go mbíonn ábhar sláinte agus sábháilteachta á múineadh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna i gcomhpháirtíocht le saorálaithe gnó. D'fhorbraíomar cás-staidéir bhreise do na cláir dar teideal 'Spirit of Enterprise' agus 'Science and Technology in Action' a bhíonn curtha ar fáil sna iar-bhunscoileanna uile ar fud na tíre.

Leanamar orainn ag tabhairt tacaíochta do na Seirbhísí Tacaíochta Dara Leibhéal (SLSS) agus d'eagraíochtaí múinteoirí chun cabhair a thabhairt dóibh ábhar sláinte agus sábháilteachta atá bainteach leis an gcuraclam a mhúineadh sna scoileanna.

## Micrea-Ghnó

Is réimse tábhachtach fócais don Údarás i gcónaí iad na Micrea-Ghnóthaí, a fhostaíonn níos lú ná deichniúr agus a mbíonn deacrachtaí ar leith le sárú acu maidir le sláinte agus sábháilteacht a chinntiú, agus mar sin, cosc a chur ar thionóiscí.

D'fhoilsíomar bileoga ginearálta dar teideal 'Sábháilteacht Shimplí' agus bhíomar sásta gur aithníodh an tionchar a bhí acu agus gur bronnadh an duais 'Plain English Mark' orthu. D'fhoilsíomar féilire oifige 'Sábháilteacht Shimplí' freisin. Dhréachtaíomar an cháipéis dar teideal 'The Safety Toolkit and Short Guide to the General Application Regulations' i gcomhairle le hionadaithe gnóthaí beaga, agus dearadh iad go sonrach d'fhiontair bheaga agus do mhicrea-fhiontair.

Thugamar tacaíocht do pháirtithe leasmhara tábhachtacha maidir le forbairt agus foilsiú Treorach don Earnáil Lónadóireachta.

## Sláinte Cheirde

Thug Aonad um Shláinte Cheirde an Údaráis cúnamh suntasach do threoir athbhreithnithe thar raon de réimsí éagsúla sláinte cheirde sa Treoir a ghabhann leis na Rialacháin Feidhme Ginearálta.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar an 'Strategy on Workplace Health and Wellbeing' agus d'fhorbair sé freagairtí ar leith ina mbeimid chun tosaigh. Rinneamar spriocanna eile a aithint ina mbeimid ag tabhairt tacaíochta d'eagraíochtaí tosaigh eile ó 2008 ar aghaidh.

Thosaíomar ag obair leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) ar fhoilsiú treoirlínte maidir le fostaíocht shábháilte daoine atá faoi mhíchumas. Chun tacaíocht a thabhairt don réimse ginearálta de shláinte cheirde, cuireadh tús le hoiliúint agus treoir do chigirí ar réimse saincheisteanna maidir le sláinte cheirde in earnálacha éagsúla in 2007.

Rinneadh dul chun cinn maith maidir le hullmhú an chórais nua um gharchabhair ag an obair, ar córas é a bheidh curtha i bhfeidhm in 2008. Foilsíodh treoirlínte athbhreithnithe clósmhéadrachta ina bhfuil catagóirí agus rangúcháin nua.

I mí Aibreáin 2007, sheol an tAire Ó Cillín Cód athbhreithnithe dar teideal 'An Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe maidir le Cosc agus Réiteach na Bulaíochta ag an Obair' ar son an Údaráis. Bhí foilsiú an Chóid athbhreithnithe sin mar thoradh ar chomhairliúchán fairsing agus féachadh air ar shlí dhearfach mar gheall ar a shoiléire is atá sé agus é ag tabhairt faoin gceist chasta sin atá ina gné den ionad oibre i gcónaí. Tháinig feachtas poiblíochta sna sála ar fhoilsiú an Chóid ina raibh idir fhógraíocht agus sheimineáir speisialaithe faoi conas coinbhleachtaí a réiteach.

Críochnaíodh tionscadal trasteorann um chosc a chur ar strus agus foilsíodh sé chás ar ár láithreán gréasáin.

Thugamar cabhair do chur i ngníomh 'Work Positive' sa rannóg um sheirbhís do chustaiméirí i gcuideachta mhór. Rinneadh daichead cur i láthair agus cuairt a bhain le ceisteanna síceasóisialta.

Reáchtáladh trí sheimineár faoi chosc agus rialú coinbhleachta ag an ionad oibre agus d'fhreastail níos mó ná 120 duine orthu.

## Cumarsáid

Is éard atá i gceist leis an gclár cumarsáide go príomha ná feasacht agus tuiscint a mhúscailt ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta.

In 2007 fuaireamar na céadta fiosrúchán ó iriseoirí agus ó ionadaithe eile na meán ar réimse topaicí. Táimid réamhghníomhach agus muid ag déileáil leis na meáin, agus eisímid preaseisiúintí agus foláirimh eile mheán nuair ba chuí. Eisíodh 26 preaseisiúint do na meáin in 2007 agus rinne na meáin iad sin agus tionscnaimh eile an Údaráis a chlúdach go forleathan.

Áirítear ar na príomhfheachtais chumarsáide a reáchtáladh le linn 2007:

- Cur chun cinn Rialachán nua REACH, lena n-áirítear feachtas poist dhírigh, seimineáir náisiúnta agus fógraíocht fhorleathan.
- Bearta breise múscailte feasachta do Chód Cleachtais na Talmhaíochta thar réimse meán lena n-áirítear na nuachtáin, an raidió agus an teilifís.
- Príomhfheachtais nuachtán agus raidió maidir le freagrachtaí stiúrthóirí.
- Tionscnaimh chun feasacht a mhúscailt ar an gCód Cleachtais nua um Bulaíocht.

Thugamar isteach cainéil nua nuálaíocha chumarsáide, cosúil le húsáid téacsteachtaireachtaí ar an bhfón póca, chun cumarsáid le custaiméirí a éascú i bhformáidí atá oiriúnach dá riachtanais.

D'fhorbraíomar láithreán gréasáin corporáideach nua le feidhmeanna breise cosúil le hábhar ilteangach, próiseas nascleanúna atá níos éasca le húsáid agus meáin dhigiteacha idirghníomhacha. Rinneadh beagnach 200,000 cóip d'fhoilseacháin an Údaráis a íoslódáil ón láithreán gréasáin in 2007.

### Pointe Fócais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (Bilbao)

In 2007, rinne an tÚdarás Pointe Fócais ghníomhaireacht an AE a chomhordú, ar pointe teagmhála agus idirchaidrimh é in Éirinn don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair atá bunaithe i Bilbao sa Spáinn. Reáchtáil Líonra Náisiúnta Phointe Fócais na hÉireann trí chruinniú i rith na bliana. I gcomhair leis an Aonad Cumarsáide, rinne an Pointe Fócais faisnéis agus ábhar poiblíochta a chomhordú do Sheachtain Sábháilteachta na hEorpa, a raibh neamhoird mhatánchnámharlaigh ina théama aici. Le linn Sheachtain Sábháilteachta na hEorpa, reáchtáladh raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear seimineáir réigiúnacha, feachtas náisiúnta fógraíochta raidió, agus reáchtáil na hócáide bliantúla dar teideal na Good Practice Awards.

## Reachtaíocht agus Treoir

Le linn 2007, rinneadh dul chun cinn suntasach faoi threoir agus orduithe Fhochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird. Le linn na bliana, thug an tÚdarás cúnamh don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le forbairt Dhréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialú Ceimiceán agus Forfheidhmiú a cheadaigh an Rialtas i mí na Nollag 2007. Tá an dréacht-Bhille deartha chun an creat riaracháin agus forfheidhmithe a sholáthar chun iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), a bhunaíonn Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, agus a leasaíonn Treoir 1999/45/CE agus a thrasuíonn Treoir 121/2006/CE.

(ii) An Rialachán Beartaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hAicmiú agus Lipéadú Substaintí agus Meascáin bunaithe ar an 'gCóras Comhchuibhithe Domhanda' (GHS).

(iii) Rialachán Choinbhinsiún Rotterdam ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach.

### Forbairtí Móra Reachtaíochta

Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (I.R Uimh. 299 de 2007) arna leasú ag na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2007 (I.R Uimh. 732 de 2007) agus an tOrdú faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Aisghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2007 (I.R. Uimh. 300 de 2007):

Trí reachtaíocht thábhachtach thánaisteach a nuachóiriú agus a chódú faoi raon an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, déanann an tsraith seo Rialachán na nithe seo a leanas a chúlghairm agus a athsholáthar (a) na forálacha sin a bhaineann leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 1993 (I.R Uimh 44 de 2003) (seachas Cuid X agus an Dara Sceideal Déag a bhaineann le fógairt tionóiscí agus teagmhas contúirteach, atá i bhfeidhm fós) nach raibh cúlghairthe cheana faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Feidhm Ghinearálta)

(Leasú) (Cúlghairm) (I.R Uimh 392 de 2005) tar éis dóibh a bheith corpraithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Uimh 10 de 2005); agus (b) na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2001 (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (I.R Uimh 188 de 2001).

Chomh maith leis sin, rinne na Rialacháin 20 sraith iomlán breise d'fhorálacha agus ceithre chuid d'fhorálacha de rialacháin agus orduithe sábháilteacha agus sláinte cheirde a chúlghairm nó a athsholáthar agus thrasuigh siad 14 Treoir ón AE a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair.

Agus forálacha reachtúla níos luaithe á n-athsholáthar, cuirtear na Rialacháin Feidhme Ginearálta, 2007 ar fáil i bhformáid atá níos cuimsithí, níos inrochtana agus níos fusa le húsáid. Mar shampla, rinneadh an leagan amach a athstruchtúrú, agus rinneadh líon foriomlán na sceideal a laghdú trí fhorálacha a bhí leagtha amach sna sceidil cheana féin a chorprú sa phríomhthéacs. Mar sin féin, coimeádann na Rialacháin nua éirim ghinearálta agus formhór mór na riachtanas agus na dtoirmeasc substaintiúil a bhí i gceist sna seanrialacháin.

D'fhoilsigh an tÚdarás treoir bheag mar aon le sraith treoirlínte sonraithe faoi chodanna éagsúla de na Rialacháin a chlúdaíonn:

- Ionaid oibre
- Úsáid trealamh oibre
- Trealamh cosanta pearsanta
- Láimhsiú ualaí
- Trealamh scáileán taispeána
- Leictreachas
- Obair ar airde
- Rialú torainn ag an ionad oibre
- Rialú creathaidh ag an ionad oibre
- Cosaint leanaí agus daoine óga
- Cosaint fosaithe torracha, fostaithe iarbhreithe agus fostaithe a bhfuil leanbh cíche acu
- Obair oíche agus sealobair
- Comharthaí sábháilteachta ag ionaid oibre
- Garchabhair
- Atmaisféir phléascacha ag ionaid oibre

# Éifeachtúlachtaí Inmheánacha

I rith 2007, chuir an tÚdarás roinnt tionscnamh i bhfeidhm le héifeachtúlacht agus feidhmíocht a fheabhsú, agus le húsáid acmhainní a bharrfheabhsú.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide**

Rinneamar roinnt feabhsuithe ar ár gcórais teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) lena n-áirítear:

- Córas cianrochtana curtha ar fáil do 60 ball foirne.
- Athléimneacht feabhsaithe na bhfreastalaithe lárnacha chun infhaighteacht an chórais a uasmhéadú.
- Próiseas soláthair tugtha chun críche chun ár gcóras nua forfheidhmithe a fhorbairt.
- Córais níos fearr athslánaithe tubaiste agus leanúnachas gnó.
- Córais níos fearr fóin ar fud na tíre a chiallaíonn gur féidir brath air níos mó.
- Uirlisí tacaíochta Reach suiteáilte agus tástáilte.
- Córas tuairiscithe ar líne forbartha agus feabhsaithe do thuairisciú tionóiscí agus tuairisciú ar láithreáin tógála.
- Córas comhairliúcháin do reachtaíocht atá cumasaithe don Ghréasán.
- Socruithe ceadúnaithe níos coigiltí agus inscálaithe faighte againn dár mbunachair sonraí Oracle.

## Acmhainní Daonna

Ba chabhair i gcónaí iad nósanna imeachta acmhainní daonna an Údaráis maidir le haidhmeanna corparáideacha a bhaint amach de réir dea-chleachtais. Áiritear ar na himeachtaí a bhí ann le linn 2007:

- Cumarsáid agus comhairliúchán le baill foirne trínár gcomhairle caidrimh thionsclaíoch agus ár bhfóram comhpháirtíochta.
- Líon suntasach d'oiliúint foirne agus aonair chomh maith le hoiliúint sonrach theicniúil do chigirí.
- Tugadh isteach seirbhís nua sláinte cheirde don fhoireann, lena n-áirítear clár cuimsitheach scagtha sláinte.
- Forbraíodh clár láidir ionduchtaithe agus oiliúna teicniúla do gach cigire nua-earcaithe.
- Clár forbartha bainistíochta agus oiliúna do gach bainisteoir sinsearach.
- Rinneadh clár suntasach earcaíochta a sheachadadh.
- Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar riachtanais maidir le líon foirne san Údarás.

Bhí an PMDS (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta) nua, comhtháite ar fáil beo in 2007. Anois tá an córas nasctha le raon eile próiseas HR. Leanamar lenár gclár earcaíochta a bhain le céim 2 den tionscnamh chun foireann bhreise a sholáthar i gcomhair REACH. Chuireamar tuilleadh feabhsuithe i bhfeidhm ar ár gcóras ríomhairithe féinseirbhíse HR ar fud na heagraíochta.

Leanamar ag forbairt ár bpleananna díláraithe trí dhíospóireachtaí leanúnacha a dhéanamh lenár mbaill foirne, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus leis an Roinn Airgeadais. Chuireamar tús freisin le cainteanna lenár bhfoireann faoi fhorbairt straitéis nua acmhainní daonna.

## Bainistíocht Saoráidí agus Airgeadais

Déantar athbhreithniú ar chórais chuntasaíochta an Údaráis ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcloíonn siad leis an gcleachtas is fearr. Le linn 2007, cuireadh córas leictreonach soláthair i bhfeidhm go hiomlán.

Chríochnaigh ár n-iniúchóirí inmheánacha cúig thuarascáil iniúchta inmheánaigh a raibh torthaí sásúla orthu. Tá seacht dtuarascáil eile beartaithe le haghaidh 2008.

In 2007, choimeádamar ár gcaiteachas laistigh den bhuiséad agus chloíomar leis na riachtanais a rialaíonn soláthar agus íocaíocht phras cuntas freisin.

## Faisnéis agus Taighde

Tháirg an tÚdarás raon aschur staitistiúil agus taighde in 2007 a thug aird ar na earnálacha agus topaicí príomhúla a bhí i gclár oibre na bliana.

Úsáideadh faisnéis staitistiúil chun tacaíocht a thabhairt do raon leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear obair na gcoistí réigiúnacha agus comhairleacha, táirgeadh na gcód cleachtais agus treorach eile, preaseisiúintí agus ceisteanna ón bpobal.

Rinneadh tionscadal mór chun an córas taifeadta teagmhas a thabhairt cothrom le dáta, chun go rachadh sé le hathbhreithniú ar rangúcháin gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag leibhéal Eorpach – cuireadh an córas nuashonraithe i bhfeidhm go rathúil ar an 1 Eanáir 2008.

Comhlíonadh freagrachtaí ag leibhéal Eorpach, lena n-áirítear soláthar bliantúil na sonraí faoi theagmhais a tuairiscíodh do Eurostat, agus freastal ar Ghrúpa Oibre Eurostat agus ar na Grúpaí Teicniúla chun sonraí maidir le gortú agus tinnis a chomhchuibhiú. Rinneadh ionadaíocht ar an Údaras ar Ghrúpa Oibre an Scórchláir Eorpaigh freisin; is grúpa é atá freagrach as ceistneoir a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Eorpaí um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde, 2007–2012.

Rinneadh na tionscadail taighde seo a leanas a choimisiúnú agus a chríochnú in 2007:

- Measúnú iarmharta ar fheachtas 'obair ar airde' an Údaráis in earnáil na tógála.
- Athbhreithniú ar an gcóras tuairiscithe le haghaidh galair cheirde i bPoblacht na hÉireann.
- THOR (The Health and Occupation Reporting network) Éireann 2007.

- Anailís ar na cúiseanna le teagmhais láimhsithe san earnáil sláinte agus na costais a mbaineann leo.

Cuireadh tús leis na tionscadail seo a leanas in 2007 agus déanfar iad a chríochnú in 2008:

- Anailís ar na difríochtaí maidir le tuiscint ar ghuaiseacha, aireachtáil rioscaí agus athróga eile idir oibrithe de bhunadh Éireannach agus oibrithe nach de bhunadh Éireannach iad san earnáil tógála.

- Suirbhé ar úsáid ceimiceán in ionaid oibre Éireannacha.

- Measúnú ar an modúl meánoideachais 'Choose Safety'.



# Tuarascálacha Airgeadais

’07

# Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2007

***Leis an gCathaoirleach Jim Lyons***

Thar ceann bhaill Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, aithním go bhfuil an fhreagracht orainne a chinntiú go mbíonn córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní slán, go bhfuil idirbhearta ceadaithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha agus mírialtachtaí a chosc, nó go n-aithneofaí iad i dtréimhse ghairid ama.

## Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Cuireann an tÚdarás na bearta seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm:

- Sainíonn siad freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta go soiléir.
- Bunaíonn siad próisis fhoirmiúla chun teipannna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun na bearta cuí ceartúcháin a chinntiú.
- Bhunaigh siad próiseas chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.
- Forbraíonn siad timpeallacht freagrachta ar fud na heagraíochta ag gach leibhéal.

Is mar seo a leanas a bhunaíonn an tÚdarás próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- Déanann siad nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a aithint lena n-áirítear na méideanna agus na catagóirí atá inghlactha, ina dtuairim féin.
- Déanann siad an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas.
- Déanann siad measúnú ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheidh i gceist a bhainistiú agus a mhaolú.
- Déanann siad meastóireacht ar na costais a bhaineann le rialuithe ar leith a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na tairbhe a bhaineann leo.
- Oibríonn siad go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar spriocanna an Údaráis agus go dtugtar tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach de ghnáthfhaisnéis bhainistíochta, de phróisis riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus de chóras tarmligin agus cuntasachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus a n-aontaíonn Bord an Údaráis.
- Athbhreithnithe rialta déanta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais, iad tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.
- Treoirlínte ceannaigh agus ceadaithe atá sainithe go soiléir.
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha i bhfeidhm ag an Údarás a oibríonn de réir Chreatchód an Dea-Chleachtais, atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca atá os comhair an chomhlachta, agus is ar an anailís sin atá na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta Inmheánaigh an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh agus déanann an tÚdarás iad a cheadú. Uair amháin sa bhliain (ar a laghad), soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh don Údarás. Cuimsíonn an tuarascáil sin tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Maidir leis an monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an tÚdarás ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tá sé bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Iniúchta Inmheánaigh (a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh), obair na Feidhmeannachta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreatlach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus tuairimí tugtha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

# Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Déanann Coiste Iniúchta Inmheánaigh an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Agus é sin déanta, téann tuarascáil fhoirmiúil go dtí an Bord. Le linn 2007, rinne an Bord athbhreithniú foirmiúil ar a rialuithe inmheánacha airgeadais.

Thar ceann an Bhoird.

***Jim Lyons***
Cathaoirleach
Feabhra 2008

# Ráiteas Airgeadais Achomair

**Cuntas ar Ioncam agus ar Chaiteachas don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007**

| **IONCAM** | **2007 €** | **2006 €** |
|---|---|---|
| Deontais an Oireachtais | 22,962,167 | 20,998,000 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin | 3,924,000 | 3,906,000 |
| Asbhaintí fostaí inaisíoctha le DETE | (602,150) | (508,675) |
| Ioncam Eile | 699,010 | 677,660 |
| Fo-Iomlán | 26,983,027 | 25,072,985 |
| Aistriú (chuig) / ón gCuntas Caipitil | 101,464 | 171,167 |
| | 27,084,491 | 25,244,152 |
| **CAITEACHAS** | | |
| Costais Tuarastail | 10,628,324 | 9,896,712 |
| Costais Phinsin | 4,297,850 | 3,791,325 |
| Costais eile Riaracháin | 12,249,726 | 12,526,511 |
| | 27,175,900 | 26,214,548 |
| | | |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | (91,409) | (970,396) |
| Barrachas Carntha/(Easnamh) ar an 1 Eanáir | (290,166) | 680,230 |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha ar an 31 Nollaig | (381,575) | (290,166) |

**Jim Lyons, Cathaoirleach**

**Seán Corrigan, Ball Boird**

AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2007

| | 2007 € | 2007 € | 2006 € | 2006 € |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | 1,144,816 | | 1,246,280 |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | 1,144,816 | | 1,246,280 |
| **SOCMHAINNÍ REATHA** | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 616,010 | | 723,117 | |
| Iarmhéideanna Bainc agus airgid | 60,613 | | 152,901 | |
| | 676,623 | | 876,018 | |
| **CREIDIÚNAITHE (dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | | |
| Creidiúnaithe | 1,061,956 | | 1,169,941 | |
| | 1,061,956 | | 1,169,941 | |
| Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha | | (385,333) | | (293,923) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ ROIMH PHINSIN** | | 759,483 | | 952,357 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | | 44,700,000 | | 40,000,000 |
| Dliteanais Phinsin | | (44,700,000) | | (40,000,000) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 759,483 | | 952,357 |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | | | |
| Cuntas Caipitil | | 1,141,058 | | 1,242,522 |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (381,575) | | (290,165) |
| | | 759,483 | | 952,357 |

**Jim Lyons, Cathaoirleach**

**Seán Corrigan, Ball Boird**

# Aguisíní

## Aguisín A:
Iniúchadh & Forfheidhmiú

## Aguisín B:
Rialacháin Nua Déanta in 2007

## Aguisín C:
Fochoistí Boird

## Aguisín D:
Coistí Comhairleacha Agus Grúpaí Oibre

’07

# Aguisín A: Iniúchadh agus Forfheidhmiú

| Tábla A1.1: Líon iniúchtaí 2002–2007 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **2002** | **2003** | **2004** | **2005** | **2006** | **2007** |
| Líon iniúchtaí | 12,896 | 10,704 | 11,382 | 13,552 | 15,365 | 13,631 |

Tugtar miondealú ar iniúchtaí in 2007 de réir na hearnála eacnamaíche i dTábla A1.2. Ba in earnáil na tógála (6,481 cuairt), na déantúsaíochta (1,872 cuairt), na talmhaíochta (1,381 cuairt), na trádála mordhíola agus miondíola (1,048 cuairt) agus san earnáil iompair agus stórála (1,018 cuairt) a rinneadh an chuid is mó de na hiniúchtaí.

Chomh maith leis sin, léiríonn Tábla A1.2 miondealú de réir chineál an iniúchta: ba iniúchtaí ginearálta ar ghéilliúlacht iad 83%, ba iniúchtaí mar thoradh ar ghearáin iad 7% agus ba iniúchtaí i ndiaidh tuairiscí tionóisce iad 10%.

**Nóta: In 2007, rinneadh an córas tagartha cóid NACE a athrú ag an leibhéal Eorpach. Tá na hathruithe sin curtha i bhfeidhm sna táblaí tuairiscithe seo a leanas.**

**Tábla A1.2: Líon iniúchtaí de réir na hearnála eacnamaíche agus chineál an iniúchta**

| An Earnáil Eacnamaíoch | Cineál Iniúchta | | |
|---|---|---|---|
| | Iniúchadh ar ghéilliúlacht | Iniúchadh ar ghearán | Iniúchadh ar thionóisc |
| A - Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht | 1,317 | 12 | 36 |
| B - Iascaireacht | 3 | 2 | 7 |
| C - Mianadóireacht agus cairéalú | 468 | 15 | 41 |
| D - Déantúsaíocht | 1,617 | 71 | 277 |
| E - Leictreachas, Gás agus Soláthar Uisce | 56 | 3 | 11 |
| F - Tógáil | 5,171 | 692 | 633 |
| G - Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola; Deisiú Mótarfheithiclí, Gluaisrothar, agus earraí Pearsanta agus Teaghlaigh | 908 | 54 | 94 |
| H - Ostáin agus bialanna | 55 | 11 | 12 |
| I - Iompar, stóráil agus cumarsáid | 938 | 33 | 71 |
| J - Idirghabháil airgeadais | 10 | 8 | 0 |
| K - Eastát réadach, ligean ar cíos, gníomhaíochtaí gnó | 182 | 24 | 55 |
| L - Riarachán Poiblí agus Cosaint; Slándáil Shóisialach Éigeantach | 209 | 12 | 32 |
| M - Oideachas | 14 | 8 | 3 |
| N - Obair sláinte agus shóisialta | 228 | 11 | 18 |
| O - Gníomhaíochtaí eile Pobail, Sóisialta agus Seirbhíse Pearsanta | 153 | 19 | 33 |
| P - Teaghlaigh Phríobháideacha le Daoine fostaithe | 0 | 0 | 0 |
| Q - Eagraíochtaí agus Comhlachtaí Allchríche | 3 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **11,332** | **975** | **1,324** |

Léiríonn Tábla A1.3 sonraí faoi na gníomhartha forfheidhmithe a rinneadh mar thoradh ar iniúchtaí in 2007. Ba san earnáil tógála a eisíodh formhór na nótaí toirmisc agus feabhsúcháin (606 as 785 agus 256 as 906 faoi seach). Eisíodh líon mór fógraí san earnáil déantúsaíochta, in earnáil na trádála miondíola/mórdhíola agus san earnáil talmhaíochta freisin. Ar an iomlán, chonacthas ráta forfheidhmithe 44% lena n-áirítear nótaí agus comhairle i scríbhinn. Léiríonn an colún deiridh i dTábla A1.3 an ráta forfheidhmithe in aghaidh an iniúchta.

**Tábla A1.3: Líon iniúchtaí de réir na hearnála eacnamaíche agus an ghnímh forfheidhmithe**

| An Earnáil Eacnamaíoch | Líon Fógraí | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon iniúchtaí | Nótaí toirmisc | Nótaí Feabhsúcháin | Treoracha feabhsúcháin | Comhairle i scríbhinn* | % cuairteanna Gníomh a rinneadh |
| A - Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht | 1,365 | 55 | 114 | 0 | 256 | 31 |
| B - Iascaireacht | 12 | 0 | 3 | 0 | 2 | 42 |
| C - Mianadóireacht agus cairéalú | 524 | 15 | 43 | 0 | 179 | 45 |
| D - Déantúsaíocht | 1,965 | 50 | 199 | 1 | 672 | 47 |
| E - Leictreachas/gás/uisce | 70 | 2 | 3 | 0 | 29 | 49 |
| F - Tógáil | 6,496 | 606 | 256 | 0 | 2,101 | 46 |
| G - Trádáil mhórdhíola/mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí, earraí pearsanta agus teaghlaigh | 1,056 | 29 | 139 | 0 | 345 | 49 |
| H - Óstáin/bialanna | 78 | 3 | 5 | 0 | 24 | 41 |
| I - Iompar, stóráil, cumarsáid | 1,042 | 8 | 48 | 0 | 278 | 32 |
| J - Idirghabháil airgeadais | 18 | 1 | 1 | 0 | 8 | 56 |
| K - Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó | 261 | 7 | 24 | 1 | 58 | 34 |
| L - Riarachán poiblí/cosaint | 253 | 2 | 10 | 0 | 98 | 43 |
| M - Oideachas | 25 | 0 | 1 | 0 | 9 | 40 |
| N - Obair sláinte/shóisialta | 257 | 1 | 34 | 0 | 143 | 69 |
| O - Seirbhísí eile pobail, sóisialta agus pearsanta | 205 | 6 | 26 | 0 | 70 | 50 |
| P - Teaghlaigh Phríobháideacha le Daoine fostaithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Q - Eagraíochtaí agus Comhlachtaí Allchríche | 4 | 0 | 0 | 0 | 1 | 25 |
| **Iomlán** | **13,631** | **785** | **906** | **2** | **4,273** | **44** |

** Aon duine nach gcomhlíonann iarratas, treoir nó ordú ón gcigire beidh sé ciontach i gcion.*

# Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte

Tugann ár gcigirí tús áite do bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta le linn na n-iniúchtaí. De ghnáth, iarrann cigirí an ráiteas sábháilteachta a fheiceáil. Déanann siad measúnú tapa ar a mhéid atá an ráiteas sábháilteachta sin bunaithe ar mheasúnú riosca scríofa, de réir a dtuairime féin, ar a mhéid a aithníonn sé guaiseacha agus a shonraíonn sé bearta, daoine freagracha agus acmhainní, agus ar an gcomhoibriú a bhíonn ag teastáil.

**Tábla A1.4: Céatadán de ghéilliúlacht don ráiteas sábháilteachta, riachtanais chomhairliúchán agus ionadaíocha**

| An Earnáil Eacnamaíoch | % Fostóirí a bhfuil ráiteas sábháilteachta ullmhaithe acu | % Fostóirí a bhfuil comhairliúchán sábháilteachta i bhfeidhm acu | % Fostóirí a bhfuil ionadaí sábháilteachta ceaptha* acu |
|---|---|---|---|
| A - Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht | 31 | 30 | 4 |
| B - Iascaireacht | 31 | 30 | 4 |
| C - Mianadóireacht agus cairéalú | 86 | 75 | 30 |
| D - Déantúsaíocht | 82 | 74 | 38 |
| E - Leictreachas/gás/uisce | 72 | 59 | 43 |
| F - Tógáil | 77 | 59 | 20 |
| G - Trádáil mhiondíola/mórdhíola; deisiú mótarfheithiclí, earraí pearsanta agus teaghlaigh | 64 | 51 | 15 |
| H - Óstáin/bialanna | 59 | 63 | 11 |
| I - Iompar, stóráil, cumarsáid | 54 | 35 | 15 |
| J - Idirghabháil airgeadais | 72 | 69 | 28 |
| K - Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó | 70 | 40 | 10 |
| L - Riarachán poiblí/cosaint | 55 | 78 | 65 |
| M - Oideachas | 84 | 88 | 48 |
| N - Obair sláinte/shóisialta | 91 | 78 | 62 |
| O - Seirbhísí eile pobail, sóisialta agus pearsanta | 75 | 75 | 33 |
| **Iomlán** | **70** | **58** | **23** |

**Nóta:** Dírítear cuid mhaith d'iniúchtaí an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic ar an ábhar go bhfuil teist neamhshásúil orthu maidir le feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearán a fuarthas fúthu. Seans nach ndéanann na táblaí seo ionadaíocht ar chás eagraíochtaí eile.

* Faoi na Rialacháin Tógála is amhlaidh a chaithfidh eagraíochtaí nó láithreáin oibre ina bhfuil níos mó na 20 duine fostaithe ionadaí sábháilteachta a ainmniú.


Bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 70% de na fostóirí a ndearnadh iniúchadh orthu (i gcomparáid le 66% in 2006). Bhí rátaí arda maidir le hullmhú ráitis sábháilteachta i ngo leor earnálacha. Ní raibh na rátaí níos lú ná 50% ach sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaireachta agus eastáit réadaigh.

Cé go bhfeictear rátaí arda maidir le hullmhú ráitis sábháilteachta go ginearálta, caithfear caighdeán na cáipéise a chur san áireamh freisin. Déanann fíoracha A1.5 agus A1.6 caighdeán na ráiteas sábháilteachta sa tréimhse trí bliana idir 2005 agus 2007 a chur i gcomparáid lena chéile.

Léiríonn Fíor A1.5 go ndeachaigh caighdeán na ráiteas sábháilteachta chun donachta le linn na tréimhse trí bliana idir 2005 agus 2007 – rinneadh níos mó díobh a chatagórú sna réimsí 'roinnt géilliúlachta' agus 'géilliúlacht theoranta'. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar an mbéim níos mó atá curtha ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta ag cigirí mar gheall ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, i.e faoi Alt 19 maidir le measúnuithe riosca agus faoi Alt 20 maidir le ráitis sábháilteachta.

Léiríonn Fíor A1.6 gur laghdaigh an leibhéal géilliúlachta maidir le cur i ngníomh na ráiteas sábháilteachta thar an tréimhse staidéir trí bliana chomh maith (i.e. coráis um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta a bheith curtha i bhfeidhm).


**Fíor A1.5: Caighdeán an ráitis sábháilteachta: ar fáil agus bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach riosca**




**Nóta 1:** *Dírítear cuid mhaith d'iniúchtaí an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic ar an ábhar go bhfuil teist neamhshásúil orthu maidir le feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearán a fuarthas fúthu. Seans nach ndéanann na táblaí seo ionadaíocht ar chás eagraíochtaí eile.*

***** *Faoi na Rialacháin Tógála is amhlaidh a chaithfidh eagraíochtaí nó láithreacha oibre ina bhfuil níos mó na 20 duine fostaithe ionadaí sábháilteachta a ainmniú.*

**Fíor A1.6: Caighdeán an ráitis sábháilteachta: bearta riachtanacha ann chun an ráiteas sábháilteachta a chur i bhfeidhm**




**Nóta 1:** *Dírítear cuid mhaith d'iniúchtaí an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic ar an ábhar go bhfuil teist neamhshásúil orthu maidir le feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearán a fuarthas fúthu. Seans nach ndéanann na táblaí seo ionadaíocht ar chás eagraíochtaí eile.*

** Faoi na Rialacháin Tógála is amhlaidh a chaithfidh eagraíochtaí nó láithreáin oibre ina bhfuil níos mó na 20 duine fostaithe ionadaí sábháilteachta a ainmniú.*

# Torthaí Ionchúiseamh in 2007

## Achoimrí ionchúisimh: Eanáir go Nollaig 2007

**Albert Nolan** **Achoimre**

I ndiaidh don Uasal Albert Nolan achomharc a dhéanamh in aghaidh breithe, gearradh fíneáil c500 air ag Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath ar an 11 Deireadh Fómhair 2007 nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 8(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as gortuithe cinn a tharla agus balla cúil áitribh á scartáil. Le linn an phróisis scartála, chlis cuid den bhalla brablaigh.

Féach Tony Brannigan freisin.

**Boliden Tara Mines Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 19 Aibreán 2007, gearradh fíneáil c350,000 ar Boliden Tara Mines Ltd ag Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Troim nuair a phléadáil siad ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 6(2)(f) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as tionóisc mharfach a tharla d'fhostaí Boliden Tara Mines Ltd ar an 21 Meitheamh 2005 ag Cnoc Cumair, an Uaimh, Co. na Mí. Ba dhruileálaí táirgeachta faoi thalamh é an fostaí a raibh ardú á dhruileáil aige nuair a loic ar an talamh cóngarach dó agus thit an fostaí isteach i stópa oscailte nó dúnpholl a bhí faoi. D'fhulaing sé gortuithe marfacha.

**Coffey Construction Ltd** **Ar díotáil**

Gearradh fíneáil c100,000 ar Coffey Construction sa chéad chúiseamh, agus tugadh trí chúiseamh eile san áireamh ag Cúirt Dúiche Luimnigh ar an 8 Meitheamh 2007 nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Rialachán 21(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001; Rialacháin 9(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001;Alt 6(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 contrátha le hAlt 48(17); Alt 6(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 contrátha le hAlt 48(17).

D'éirigh an cás nuair a tharla tionóisc mharfach d'fhostaí Coffey Construction Ltd ar an 5 Lúnasa 2005 ag láithreán tógála ag Bóthar na nDugaí, Luimneach. Bhí an duine éagtha – ar oibrí ginearálta é – ag obair i dtochailt a bhí thart ar cúig mhéadar ar doimhneacht nuair a thit éadan nach raibh aon tacaíocht aige agus slogadh é. Cailleadh é mar thoradh ar a ghortuithe dhá lá ina dhiaidh sin.

**Colm Colohan** **Ar díotáil**

Ar an 15 Bealtaine 2007, gearradh fíneáil €21,600 ar an Uasal Colm Colohan ag Cúirt Chuarda na Gaillimhe nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Rialachán 3(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001.

D'éirigh an cás as tionóisc a tharla don duine éagtha nuair a leictreamharaíodh é, de réir cosúlachta, ag láithreán tógála ag Páirceanna an Bhaile, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe. Bhí gáitéir alúmanaim á suiteáil ag an duine éagtha agus ag beirt eile ar fhorbairt nuathógtha dhá urlár. Bhí píosa 17.9 méadar de gháitéar á chur san áit cheart ón dara hardú den scafall nuair a tháinig taobh amháin den gháitéar i dteagmháil leis an líne chumhachta 3 chéim (10,000V) lasnairde agus bhí bás an duine éagtha mar thoradh air.

Féach Ollie Colohan freisin.

**Commercial Body and Engineering Services Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 3 Deireadh Fómhair 2007, gearradh fíneáil €20,000 ar Commercial Body and Engineering Services Ltd. ag Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath nuair a phléadáil siad ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 7(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as tionóisc mharfach a tharla d'fhostaí comhlacht chlódóireachta a bhí ag úsáid veain don phróiseas clódóireachta ina raibh gineadóir peitril agus píbobair sceite a bhí feistithe ag Commercial Body and Engineering Services Ltd. Mar thoradh ar ghluaiseacht agus ar chreathadh an ghineadóra agus an veain féin, tháinig scoilt sa phíbobair. Mar thoradh air sin, sceith aonocsaíd charbóin istigh sa veain. Agus geansaí spóirt á chlóbhualadh aige i gcúl an veain i nDún Dealgan, fuair sé bás mar thoradh ar nimhiú ó aonocsaíd charbóin.

**Crumb Rubber Ireland Ltd** **Achoimre**

Ar an 26 Feabhra 2007 gearradh fíneáil €1,500 ar Crumb Rubber Ireland ag Cúirt Chuarda Dhún Dealgan nuair a fuarthas ciontach iad sa chúiseamh seo a leanas:

Rialachán 9(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 1993;
Rialachán 9(1)(b) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 1993;
agus Rialachán 9(1)(e) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1993.

D'éirigh an cás mar thoradh ar thine a bhris amach ag áitreabh Crumb Rubber Ireland Ltd ar an 28 Bealtaine 2005. Bhí an foirgneamh lán de dheatach agus bhí fostaithe Crumb Rubber Ireland Ltd i mbealach an deataigh. Theip ar an gcuideachta na fostaithe a aistriú amach as an bhfoirgneamh sa chás éigeandála seo. Dódh ceathrar fear dóiteáin agus triúr fostaithe i bpléasc ina dhiaidh sin a raibh an tine ina chúis leis.

**Dean Waste Company Ltd** **Achoimre**

Ar an 1 Samhain 2007, gearradh fíneáil €7,500 ar Dean Waste Company Ltd ag Cúirt Dúiche an Náis nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(2)(c)(iii) mar a thagraíonn sé d'Alt 77(9) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Alt 8(2)(e) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Alt 19(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Alt 20 (1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Rialachán 20(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1993 (Feidhm Ghinearálta).

D'éirigh an cás as gortú tromchúiseach a tharla d'fhostaí Dean Waste Co. Ltd a bhí ag obair mar oibrí ag líne pioctha ag Bóthar Bhaile Chairdif, Baile Chairdif, an Nás, Contae Chill Dara ar an 25 Márta 2006. Chuaigh sé chun an druma ag deireadh an chreasa iompair a ghlanadh le sluasaid nuair a ghreamaigh an tsluasaid taobh thiar den druma. Gabhadh a mhuincille sa tsluasaid agus tarraingíodh a lámh isteach taobh thiar den druma.

**Derek Daly** **Achomharc in aghaidh Daorbhreithe agus Breithe**

Rinne an tUasal Derek Daly achomharc in aghaidh pianbhreithe agus breithe ag Cúirt Achomhairc Choiriúil Bhaile Átha Cliath ar an 10 Bealtaine 2007.

Ar an 20 Samhain 2006 gearradh fíneáil €10,000 ar an Uasal Derek Daly i gCúirt Dúiche Choiriúil Bhaile Átha Cliath nuair a fuarthas ciontach é i gcúiseamh faoi:

Alt 9(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an triail as intitim scafalra agus é á dhíchoimeáil ar Shráid Grafton, Baile Átha Cliath ar an 27 Márta 2003, a raibh gortuithe do bhall den phobal mar thoradh air.

Díbheadh an t-achomharc agus cloíodh leis an bpianbhreith agus leis an mbreith a leagadh síos ag an tús.

**Dominic Quigley** **Ar díotáil**

Ar an 13 Márta 2007, léadh an tAcht Promhaidh don Uasal Dominic Quigley ag Cúirt Dúiche Choiriúil Thrá Lí nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 9(1) contrátha le hAlt 48(1)(a) agus le hAlt 49(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'eirigh an cás as pléasc a tharla ag oibreacha bóthair ag Béal Átha na Ceártán, Trá Lí, Co. Chiarraí. Rinne an tUasal Edward Hogan agus an tUasal Dominic Quigley, fostaithe Eddie Hogan (Drilling) Ltd, pléascáin a bhí fágtha tar éis bealach isteach a ghlanadh mar chuid de thionscadal bóthair a dhiúscairt trí iad a chur i mboscaí cairtchláir a bhí folamh agus iad a chur trí thine. Níorbh é sin an modh aitheanta do dhiúscairt shábháilte pléascán atá fágtha sa bhreis. Tharla pléasc mar thoradh ar an tine a leag daoine sa chomharsanacht chun talún agus a rinne damáiste struchtúrach do thithe in aice láimhe.

Féach Eddie Hogan (Drilling) Ltd (1) agus Edward Hogan freisin.

**Dornan Engineering Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 17 Bealtaine 2007, gearradh fíneáil €3,000 ar Dornan Engineering Ltd ag Cúirt Chuarda Chóiríúil Chorcaí nuair a phléadáil siad ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 7(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as pléasc coire a tharla ag Ollionad Alltranais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh ar an 12 Aibreán 2005. Ba é Dornan Engineering Ltd an conraitheoir meicniúil don tionscadal. Bhí an coire nua-shuiteáilte ach ní raibh sé ag feidhmiú toisc é a bheith dúnta do dheisiúcháin. Tháinig fochonraitheoir ar an láthair agus thosaigh sé á chur ar siúl chun na socruithe teochta a sheiceáil. Phléasc an coire go gairid ina dhiaidh sin. Gortaíodh triúr oibrithe mar thoradh ar an bpléasc.

**Eamonn Hayden** **Ar díotáil**

Ar an 4 Iúil 2007, gearradh fíneáil €12,000 ar an Uasal Eamonn Hayden ag Cúirt Chuarda Cheatharlach nuair a phléadáil sé ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 6(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989; Alt 6(2)(e) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989; agus Alt 12(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as tionóisc mharfach a tharla d'fhostaí de chuid an Uasail Eamonn Hayden ag láthreán tógála a raibh Kilbelin Construction Ltd i gceannas air ag Bóthar na Tulaí, Ceatharlach. Ar an 19 Feabhra 2004, bhí an duine éagtha agus comhghleacaí leis ag baint comhlaí de cholúin choincréite ar bhalla teorann. Gortaíodh an duine éagtha go marfach nuair a bualadh ar a cheann é le buicéad an tochaltóra (a úsáidtear chun na comhlaí a bhaint) a bhí á oibriú ag a chomhghleacaí.

Féach James Edwards agus Kilbelin Construction Ltd freisin.

**Eddie Hogan (Drilling) Ltd (1)** **Ar díotáil**

Ar an 13 Márta 2007, gearradh fíneáil €10,000 ar an Uasal Eddie Hogan ag Cúirt Chuarda Choiriúil Thrá Lí nuair a phléadáil sé ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 6 (2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989; Alt 7 (1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'eirigh an cás as pléasc a tharla ag oibreacha bóthair ag Béal Átha na Ceártán, Trá Lí, Co. Chiarraí. Rinne fostaithe Eddie Hogan (Drilling) Ltd, pléascáin a bhí fágtha tar éis bealach isteach a ghlanadh mar chuid de thionscadal bóthair a dhiúscairt trí iad a chur i mboscaí cairtchláir a bhí folamh agus iad a chur trí thine. Níorbh é sin an modh aitheanta do dhiúscairt shábháilte pléascán atá fágtha sa bhreis. Tharla pléasc mar thoradh ar an tine a leag daoine sa chomharsanacht chun talún agus a rinne damáiste struchtúrach do thithe in aice láimhe.

Féach Edward Hogan agus Dominic Quigley freisin.

**Eddie Hogan Ltd (Druileáil) (2)** **Achoimre**

Ar 13 Aibreán 2007, gearradh fíneáil €500 ar Eddie Hogan Ltd (Druileáil) ag Cúirt Chuarda Bhiorra nuair a phléadáil sé ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 48(2) den Acht um Shábhailteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989; agus Rialachán 10(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta),1993.

D'éirigh an chúis as teagmhas de charraigeacha asáitithe ag cairéal de chuid Loughnane Concrete Ltd (Biorra) ar 22 Meitheamh 2005. D'iarr Eddie Hogan (Druileáil) ltd ar lámhachóir neamhspleách chun an phléasc a lódáil agus a lasadh. Rinne an lámhachóir an phléasc a raibh carraigeacha asáitithe mar thoradh uirthi. Chuaigh na carraigeacha asáitithe lasmuigh de theorainn an chairéil.

Féach Thomas Byrne freisin.

**Edward Hogan** **Ar díotáil**

Ar an 13 Márta 2007, gearradh fíneáil €2,000 ar an Uasal Eddie Hogan ag Cúirt Chuarda Choiriúil Thrá Lí nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 9(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'eirigh an cás as pléasc a tharla ag oibreacha bóthair ag Béal Átha na Ceártán, Trá Lí, Co. Chiarraí. Rinne an tUasal Edward Hogan agus an tUasal Dominic Quigley, fostaithe Eddie Hogan (Drilling) Ltd, pléascáin a bhí fágtha tar éis bealach isteach a ghlanadh mar chuid de thionscadal bóthair a dhiúscairt trí iad a chur i mboscaí cairtchláir a bhí folamh agus iad a chur trí thine. Níorbh é sin an modh aitheanta do dhiúscairt shábháilte pléascán atá fágtha sa bhreis. Tharla pléasc mar thoradh ar an tine a leag daoine sa chomharsanacht chun talún agus a rinne damáiste struchtúrach do thithe in aice láimhe.

Féach Eddie Hogan (Drilling) Ltd (1) agus Dominic Quigley freisin.

**Emmet Delaney** **Achoimre**

Ar an 26 Meitheamh 2007, gearradh fíneáil €2,000 ar an Uasal Emmet Delaney ag Cúirt Dúiche Ros Mhic Thriúin nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 13(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.
Chúisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (An Garda Síochána) an tUasal Delaney i gcion a bhaineann le cur i gciontúirt meargánta ar phléadáil sé ciontach ann. Gearradh fíneáil €1000 air.

D'éirigh an cás as iniúchadh a rinneadh ar thionóisc mharfach a raibh baint ag fostaí Harte Designs Ltd léi. Brúdh an fostaí idir crann gabhaltrucaile ardaithe agus seilfre i limistéar stórála ag Harte Designs Ltd, Eastát Thionsclaíoch Fhearann an Bhuitléaraigh, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman ar an 22 Aibreán 2006. Bhí an duine éagtha á iompar ar ghabhail na gabhaltrucaile ardaithe a bhí á tiomáint ag a chomhghleacaí, an tUasal Emmet Delaney, nuair a tharla an tionóisc. Níor thiománaí oilte gabhaltrucaile ardaithe é an tUasal Delanay agus ní raibh sé údaraithe ag a fhostóir chun an gabhaltrucail ardaithe a thiomáint.

**Finnerty's Plant Hire Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 23 Feabhra 2007, gearradh fíneáil €50,000 ar Finnerty's Plant Hire Ltd i gCúirt Chuarda Choiríúil an Mhuilinn Chearr nuair a phléadáil siad ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 6(2)(d) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as tionóisc a tharla ar an 28 Deireadh Fómhair 2004 nuair a bhí tógáil dúnpholl chun uisce dromchla agus uisce breán a dhraenáil á tabhairt chun críche ag Finnerty's Plant Hire Ltd . Le linn na seachtaine roimh an teagmhas, nocht oibrithe de chuid Finnerty's Plant Hire duchtáil BSL agus bhris siad é a d'fhág cábla beo 10,000V faoi thalamh nochta. Agus iad ag iarraidh an duchtáil a dheisiú, rinne oibrithe de chuid Finnerty's Plant Hire damáiste don chábla faoi thalamh a bhí ina chúis le pléasc leictreach sa chlais. Rinne na hoibrithe an teagmhas a thuairisciú do bhainistíocht an láithreáin a raibh an tuiscint acu ag an bpointe sin go raibh an cábla sa chlais marbh. D'ordaigh siad do na hoibrithe leanúint den obair sa chlais. Thart ar leathuair an chloig tar éis an chéad teagmhas, tharla an dara pléasc sa chlais. Dhealraigh sé nach ndearna an saoiste an chéad teagmhas a thuairisciú d'ionad glao éigeandála BSL. Dá bhrí sin, mar chuid den nós imeachta atá acu, chuir BSL siad an chumhacht ar ais, rud a bhí ina chúis leis an dara pléasc sa chlais.

**Glennon Brothers Cork Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 19 Samhain 2007, gearradh fíneáil €7,500 ar Glennon Brothers Cork Ltd ag an Cúirt Chuarda Choiriúil Chorcaí nuair a phléadáil siad ciontach sa chéad agus sa tríú cúisimh – cuireadh an dara cúiseamh san áireamh:

Alt 8(2)(g) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Rialachan 10(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta),1993; agus Rialachán 7(1) de na Rialacháin Mhonarchan (Innealra Adhmadóireachta), 1972.

D'éirigh an cás mar thoradh ar ghortú tromchúiseach a tharla do lámh oibrí faoi oiliúint nuair a chuir sé a lámh isteach i meaisín planála chun píosa adhmaid a bhaint – bhí codanna contúirteacha den mheaisín fós ar siúl. Chaill sé gach méar agus a ordóg chomh maith le cuid dá lámh dheis.

**Independent Fence Manufacturing Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 16 Iúil 2007, gearradh fíneáil €26,000 ar Independent Fence Manufacturing Ltd ag Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 6(2)(e) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1988; agus Alt 48(17) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, i dtaca leis an sárú ar Alt 6(2)(e).

D'éirigh an cás mar thoradh ar bhás fhostaí Independent Fence Manufacturing Ltd. Bhí meaisín déantúsaíochta cuaillí coincréite á oibriú ag an duine éagtha nuair a thit dhá mhúnla anuas air. Ní raibh an biorán dúnta ionsáite. Ba é an chéad seachtain ag obair sa chuideachta don duine éagtha é.

**Irish Sugar plc** **Ar díotáil**

Ar an 9 Deireadh Fómhair 2007, gearradh fíneáil €100,000 ar Irish Sugar plc ag Cúirt Chuarda Cheatharlach nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 6(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989; agus Alt 12(3) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás mar thoradh ar bhás fhostaí Irish Sugar plc. Bhí toilleadh agus sreabhadh caidéal frithscálaitheach á seiceáil ag an duine éagtha ag bun ghalaitheoir 2C, nuair a bhris an táthá imlíneach ag barr an umair. D'astaigh súlach te, tiúchán agus gal ón soitheach ag teocht tosaigh 120°C. Dódh cosa, géaga agus thart ar ghualanna an duine éagtha agus fuair sé bás ó na gortuithe 14 lá níos déanaí. Bhí fostaí eile a bhí ag obair mar oibrí ginearálta ag Irish Sugar plc ag siúl i dtreo an tsoithigh ghalaitheora nuair a tharla an pléasc. Dódh a chosa, a ghéaga agus a dhroim freisin, agus tá sé ag fáil a nirt arís faoi láthair.

**James Edwards** **Ar díotáil**

Forchuireadh an tAcht Promhaidh ar an Uasal James Edward ag Cúirt Chuarda Cheatharlach ar an 4 Iúil 2004 nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 9(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás as tionóisc mharfach a tharla d'fhostaí de chuid an Uasail Eamonn Hayden ag láthreán tógála a raibh Kilbelin Construction Ltd i gceannas air. Bhí an duine éagtha agus comhghleacaí leis, an tUasal James Edwads, ag baint comhlaí de cholúin choincréite ar bhalla teorann. Gortaíodh an duine éagtha go marfach nuair a bualadh ar a cheann é le buicéad an tochaltóra (a úsáidtear chun na comhlaí a bhaint) a bhí á oibriú ag a chomhghleacaí an tUasal Edwards.

Féach Eamonn Hayden agus Kilbelin Construction Ltd. freisin.

**Kilbelin Construction Ltd** **Ar díotáil**

Ar an 4 Iúil 2007, gearradh fíneáil €18,000 ar Kilbelin Construction ag Cúirt Chuarda Cheatharlach nuair a phléadáil siad ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Rialachán 6 (2)(e)(i) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001.

D'éirigh an cás as tionóisc mharfach a tharla d'fhostaí de chuid an Uasail Eamonn Hayden ag láthreán tógála a raibh Kilbelin Construction Ltd i gceannas air. Bhí an duine éagtha agus comhghleacaí leis, an tUasal James Edwads, ag baint comhlaí de cholúin choincréite ar bhalla teorann. Gortaíodh an duine éagtha go marfach nuair a bualadh ar a cheann é le buicéad an tochaltóra (a úsáidtear chun na comhlaí a bhaint) a bhí á oibriú ag a chomhghleacaí an tUasal Edwards.

Féach Eamonn Hayden agus James Edwards freisin.

**Martin Byrne** **Ar díotáil**

Ar an 8 Meitheamh 2007, gearradh fíneáil €5,000 ar an Uasal Martin Byrne ag Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath nuair a phléadáil sé ciontach sa dá chúiseamh seo a leanas:

Alt 12(1) agus Alt 48(1)(b) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989; agus Alt 6(2)(a) agus Alt 48(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Cuireadh an dá chúiseamh seo a leanas san áireamh:

Alt 48(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989; agus Alt 6(1) trí thagairt d'Alt 6(2)(a) agus d'Alt 48(1)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.

Thug an breitheamh cumas an chosantóra an fhíneáil a íoc san áireamh – is trádálaí aonair é atá ag obair mar fheirmeoir páirt-aimseartha anois.

D'éirigh an cás nuair a thit fostaí de chuid an Uasail Byrne ó airde. Thit an fostaí trí oscailt i ndíon stroighin aispeiste in áit nach raibh aon chosaint chiumhaise ann ná nach raibh an poll léirithe go soiléir. Níor rinneadh an duine gortaithe a 'fhostú' ach ar an lá sin. Rinneadh é a mheas mar fhostaí de réir critéar atá leagtha amach i lámhleabhar forfheidhmithe an chigire. Bhí a rúitíní gortaithe go dona agus tá iliomad obráidí faighte aige ó dáta na tionóisce.

**Michael Walsh** **Achoimre**

Ar an 21 Meán Fómhair 2007, gearradh fíneáil €1,000 ar an Uasal Michael Walsh ag Cúirt Chuarda Phort Láirge nuair a phléadáil sé ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 12 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; agus Alt 8 (2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

D'éirigh an cás as tionóisc mharfach a tharla do chomharsa an chosantóra a bhí 11 d'aois i gContae Chill Chainnigh ar an 8 Lúnasa 2006. Agus oibríochtaí sábhála prátaí á ndéanamh acu, shocraigh mac an chosantóra agus an duine éagtha ar rás a bheith acu go barr an druilire. D'éirigh le mac an chosantóra léim ón ardán sábhála agus thosaigh sé ag rith. Léim an duine éagtha ó chúl an bhuainteora a bhí ag cúlú, baineadh dá chothrom é agus thit sé ar an talamh. Agus é ina luí ar an talamh, bhuail an tarracóir a bhí ag cúlú é (a bhí á thiomáint ag an Uasal Michael Walsh).

**Comhairle Contae Thiobaraid Árann Thuaidh** **Achoimre**

Ar an 12 Feabhra 2007, gearradh fíneáil €2,538 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh ag Cúirt Chuarda an Teampaill Mhóir nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Rialachán 3(1) de na Rialacháin um Shábhailteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001; agus Rialachán 10(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993.

D'éirigh an cás nuair a cailleadh fostaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus obair athdhromchlaithe agus neartaithe bóthair ar siúl ar an mbóthar ó Ros Cré go dtí an Teampall Mór. Chúlaigh leoraí a bhí á thiomáint ag fochonraitheoir Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh gan chabhair agus bhrúigh sé an duine éagtha.

Féach Shane Kenneally freisin.

**Ollie Colohan** **Ar díotáil**

Ar an 15 Bealtaine 2007, gearradh fíneáil €21,600 ar an Uasal Ollie Colohan ag Cúirt Chuarda na Gaillimhe nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Rialachán 3(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001.

D'éirigh an cás as tionóisc a tharla don duine éagtha nuair a leictreamharaíodh é, de réir cosúlachta, ag láithreán tógála ag Páirceanna an Bhaile, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe. Bhí gáitéir alúmanaim á suiteáil ag an duine éagtha agus ag beirt eile ar fhorbairt nuathógtha dhá urlár. Bhí píosa 17.9 méadar de gháitéar á chur san áit cheart ón dara hardú den scafall nuair a tháinig taobh amháin den gháitéar i dteagmháil leis an líne chumhachta 3 chéim (10,000V) lasnairde agus bhí bás an duine éagtha mar thoradh air.

Féach Colm Colohan freisin.

**Owenass Residential Developments Ltd** **Achoimre**

Ar an 14 Meitheamh 2007, gearradh fíneáil €3,000 ar Owenass Residential Developments Ltd ag Cúirt Chuarda Phort Laoise nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 12 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Alt 15(3) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005; Rialachán 9(1)(a) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláínte, agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001.

D'éirigh an cás as tionóisc ar láithreán tógála a raibh ball den phobal páirteach inti ar an 24/25 Samhain 2005 ag Fairgreen Phase II, Bóthar Mountmellick, Port Laoise, Co. Laoise. Fuarthas an duine éagtha i dtochailt (ina raibh uisce) ag tús na seala oibre ar maidin, an 25 Samhain 2005.

**Shane Kenneally** **Achoimre**

Ar an 12 Feabhra 2007, gearradh fíneáil €634.50 ar an Uasal Shane Kenneally ag Cúirt Dúiche an Teampaill Mhóir nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 7(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an cás nuair a cailleadh fostaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus obair athdhromchlaithe agus neartaithe bóthair ar siúl ar an mbóthar ó Ros Cré go dtí an Teampall Mór. Bhí a leoraí á chúlú ag an duine cúisithe, ar tiománaí féinfhostaithe leoraí é, gan chabhair nuair a tháinig sé i dteagmháil leis an duine éagtha a cailleadh toisc gur brúdh é. Féach Comhairle Contae Thiobraid Arann Thuaidh freisin.

**Shortts Ltd** **Achoimre**

Ar an 18 Meitheamh 2007, gearradh fíneáil €4,000 ar Shortts Ltd ag Cúirt Chuarda Bhaile na Lorgan nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8 (2)(c)(iii) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; agus

Alt 19(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

D'éirigh an cás nuair a greamaíodh lámh fhostaí Shortts Ltd i meaisín miontóireachta nuair a bhí feoil mhionaithe á réiteach ag cúl shiopa an bhúistéara miondíola. Mar thoradh ar an ngortú tromchúiseach sin, bhí orthu a lámh dheis a theascadh faoin uillinn.

**SR Technics Ireland Ltd** **Achoimre**

Ar an 20 Samhain 2007, gearradh fíneáil €4,000 ar SR Technics Ireland Ltd ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath nuair a phléadáil siad ciontach sna cúisimh seo a leanas:

Alt 8(2)(b) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005; Alt 8(2)(c)(ii) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005; Alt 8(2)(g) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005; Alt 8(2)(c)(ii) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005; agus Alt 8(2)(c)(ii) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

D'éirigh an cás as iniúchadh a rinneadh ar thionóisc mharfach a tharla ag SR Technics Ireland Ltd, Aerfort Bhaile Áth Cliath.

**Thomas Byrne** **Achoimre**

Ar an 13 Aibreán 2007, gearradh fíneáil €500 ar an Uasal Thomas Byrne ag Cúirt Dúiche Bhiorra nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Alt 7(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

D'éirigh an chúis as teagmhas carraige asáitithe a tharla ag cairéal de chuid Loughnane Concrete Ltd (Biorra) ar an 22 Meitheamh 2005. D' iarr Eddie Hogan (Drilling) Ltd ar lámhachóir neamhspleách, an tUasal Thomas Byrne, an pléasc a lódail agus a lasadh. Rinne an tUasal Byrne an pléasc agus bhí carraigeacha asáitithe mar thoradh uirthi. Chuaigh na carraigeacha asáitithe lasmuigh de theorainn an chairéil.

Féach Eddie Hogan (Drilling) Ltd (2) freisin.

**Tony Brannigan** **Achoimre**

Ar an 5 Iúil 2007, tar éis dó achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe, léadh an tAcht Promhaidh don Uasal Tony Brannigan i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Atha Cliath agus ordaíodh dó an tsuim de €5,000 a thabhairt d'Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn agus na costais ar fad a íoc laistigh de thrí seachtaine nuair a phléadáil sé ciontach sa chúiseamh seo a leanas:

Rialachán 3(1) de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001.

Ar an 25 Eanáir 2005, bhí balla cúil áitribh á scartáil ag an Uasal Albert Nolan agus beirt fostaithe leis ag 69 Bóthar Bhaile na Lochlannach, Baile Átha Cliath 1. Le linn an phróisis scartála, chlis píosa den bhalla brablaigh. Fuair an tUasal Nolan gortuithe sa cheann agus tógadh go dtí an tOspidéal Mater é, áit inar tugadh aire dó sular ligeadh saor é sa tráthnóna.

Féach Albert Nolan freisin.

# Aguisín B: Rialacháin Nua Déanta in 2007

## 1. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Ullmhóidí Contúirteacha) (Leasú) 2007 (I.R Uimh. 76 de 2007)

Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, na Rialacháin seo ar an 26 Feabhra 2007 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 1 Márta 2007.

Leasaíonn na Rialacháin Sceidil 3, 4 agus 7 de Rialacháin na gComphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Ullmhóidí Contúirteachs) 2004 (I.R Uimh. 62 de 2004).

Trasuíonn na Rialacháin Treoir Uimh. 2006/8/CE ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2006, ar treoir í a leasaíonn Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Treoir 1999/45/CE ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 1999 faoi chomhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú ullmhóidí contúirteacha. Déanann Rialacháin 2004 (I.R Uimh. 62 de 2004) (na 'Príomhrialacháin') Treoir 1999/45/CE a thrasuí i ndlí na hÉireann.

Is é an aidhm atá leis na Rialacháin sin sláinte an duine agus an timpeallacht a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha ullmhóidí contúirteacha. Éilíonn siad ar gach déantóir, iompórtálaí agus dáileoir ullmhóidí contúirteacha iad a aicmiú agus a lipéadú de réir a nguaiseacha dúchasacha agus bileoga sonraí ar shábháilteacht a sholáthar.

Tugann na Rialacháin isteach roinnt leasuithe ar na Príomhrialacháin, mar seo a leanas:

(i) Leasaítear aicmiú ullmhóidí ina bhfuil carcanaiginí, só-ghineacha agus CMRs ionas go ndéanfar ullmhóid a aicmiú agus a lipéadú leis an gcatagóir is airde is cuí.

(ii) Leasaítear aicmiú na n-ullmhóidí ina bhfuil substaintí a aicmítear mar shubstaintí tocsaineacha don timpeallacht uisceach chun na difríochtaí a réiteach maidir leis an gcaoi a ndéantar substaintí le leibhéil tiúchana ar leith in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir Uimh. 67/548/CEE a aicmiú i gcomparáid le substaintí féinaicmithe.

(iii) Tugtar isteach athruithe maidir le haicmiú ullmhóidí ina bhfuil substaintí atá contúirteach don chiseal ózóin sa chás go bhfuil gá leis an siombail 'N' anois.

(iv) Tá an téarmeolaíocht i Sceideal 7 a ghabhann leis na Príomhrialacháin maidir leis na 'Forálacha Speisialta maidir le Lipéadú Ullmhóidí Áirithe' athsholáthraithe ionas go mbeidh sé níos comhsheasmhaí.

Leasaíonn Sceidil A agus B Sceideal 3 a ghabhann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Ullmhóidí Contúirteacha), 2004 (I.R Uimh. 62 de 2004); Leasaíonn Sceidil C, D agus E Sceideal 4 a ghabhann le Rialacháin 2004 agus leagann Sceideal F amach leagan nua de Sceideal 7 a ghabhann le Rialacháin 2004.

## 2. Na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 (I.R. Uimh. 288 de 2007)

Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, na Rialacháin seo ar an 13 Meitheamh 2007 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an dáta sin. Tá na Rialacháin comhlánaithe le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar) (ADR Forálacha Ilghnéitheacha), 2007. (I.R Uimh. 289 de 2007), a tháinig i bhfeidhm ar an 13 Meitheamh 2007 freisin.

Baineann na Rialacháin le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar in umair, i mbulc agus i bpacáistí, lena n-áirítear pacáil, lódáil, líonadh agus dí-ualú na n-earraí contúirteacha maidir lena n-iompar. Cuireann siad i bhfeidhm forálacha Aguisíní A agus B a ghabhann le Comhaontú na hEorpa maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar' (ADR) 2007.

Leagann na Rialacháin dualgais ar na rannpháirtithe éagsúla a mbíonn baint acu le hiompar earraí contúirteacha. Tá riachtanais iontu maidir leis na feithiclí, umair, coimeádain umair, gabhdáin agus na pacáistí ina bhfuil na hearraí contúirteacha agus iad á n-iompar. Éilíonn siad go mbeidh an oiliúint chuí ar thiománaithe agus ar dhaoine eile a bhfuil baint acu le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar agus, i gcás tiománaithe, go mbeidh deimhniú ar an oiliúint sin acu. Ina theannta sin, cuimsíonn siad forálacha a bhaineann le cur chuige comhchuibhithe an CE maidir le gné an fhorfheidhmithe a bhaineann le seiceálacha bóthair.

Cuireann Cuid 7 dualgais ar an údarás inniúil maidir le spotseiceálacha a dhéanamh ar fheithiclí agus ar áitribh mar a fhoráiltear i gCaibidil 1.8.1 den ADR.

Trasuíonn nó atrasuíonn na Rialacháin:

- Treoir 94/55/CE ón gComhairle an 21 Samhain 1994 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar.
- Treoir 2000/61/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2000 ag leasú Threoir 94/55/CE.
- Treoir 2006/89/CE ón gCoimisiún an 3 Samhain 2006 ag cur Treoir 94/55/CE ón gComhairle in oiriúint don séú huair don dul chun cinn teicniúil, ar Treoir í maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (I.O. Uimh. L305, 4 Samhain 2006, lch 4) (a leasaíonn Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Treoir 94/55/CE chun Iarscríbhinní A agus B d'eagrán 2007 den ADR a chorprú).

Ceanglaíonn Treoir 94/55/CE arna leasú agus arna hoiriúnú don dul chun cinn teicniúil, go mbeidh an reachtaíocht náisiúnta ag dul leis na hiarscríbhinní le ADR, atá nuachóirithe agus athsholáthraithe gach dara bliain, le maoluithe áirithe d'iompar náisiúnta.

Rinne na Rialacháin na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2006, a chúlgairm agus cuireadh iad ina n-ionad. (I.R Uimh. 405 de 2006).

I gcomparáid le Rialacháin 2006, is iad na príomhathruithe a tugadh isteach leis na Rialacháin sin ná:

(i) Ta na foirmeacha forodaithe do sheiceálacha feithicle leagtha amach i Rialacháin na gComphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar) (ADR Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

(ii) Tá líon na gcionta i Sceideal 3 agus 4 laghdaithe agus rinneadh roinnt cionta a chomhdhlúthú.

(iii) Déantar foráil do roinnt cionta nua i Sceidil 3 agus 4 maidir le comhairleoirí sábháilteacha agus forálacha slándála.

## 3. Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 2007 (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar) (ADR Forálacha Ilghnéitheacha) (I.R Uimh. 289 de 2007)

Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, na Rialacháin seo ar an 13 Meitheamh 2007 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an dáta sin. Forlíonann siad na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 (I.R. Uimh. 288 de 2007)

Baineann na Rialacháin le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar in umair, i mbulc agus i bpacáistí. Comhlánaíonn siad forálacha na 'Rialachán bainteach', i. na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 (I.R. Uimh. 288 de 2007) a rinneadh faoin Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998.

Ina theannta sin, cuimsíonn na Rialacháin forálacha a bhaineann le cur chuige comhchuibhithe an CE maidir le gné an fhorfheidhmithe a bhaineann le seiceálacha bóthair. Chomh maith leis sin, cuireann siad diolúintí áirithe i bhfeidhm sa bhreis orthu sin atá in Iarscríbhinní A agus B cheana a ghabhann le 'Comhaontú na hEorpa maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar' (ADR) 2007.

Trasuíonn nó atrasuíonn na Rialacháin gnéithe ábhartha de:

- Treoir 94/55/CE ón gComhairle an 21 Samhain 1994 faoi iompar earraí contúirteacha de bhóthar. (arna leasú ag Cinneadh 2002/886/CE ón gCoimisiún an 7 Samhain 2002 maidir leis na teorainneacha ama a bhaineann le drumaí brú, racaí sorcóra agus umair, agus Cinneadh 2005/263/CE ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 a bhaineann le maoluithe áirithe i ndáil le hiompar náisiúnta), agus

- Treoir 95/50/CE ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 1995, maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha chun iompar earraí contúirteacha de bhóthar a sheiceáil (arna leasú le Treoir 2001/26/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2001, ag leasú Threoir 95/50/CE agus Threoir 2004/112/CE ón gCoimisiún an 31 Nollaig 2004 atá curtha in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 95/50/CE); nach raibh trasuite ar bhealach eile ag na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007.

Rinne na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóthar) (ADR Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 (I.R. Uimh. 406 de 2006) a chúlghairm agus cuirtear ina n-ionad iad.

I gcomparáid le Rialacháin 2006, áirítear ar na príomhathruithe a tugadh isteach sna Rialacháin seo cur isteach na bhfoirmeacha forordaithe le haghaidh iniúchtaí feithicle i Sceideal 3 - atá aistrithe ó ná Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (áit a raibh siad sonraithe cheana), agus athstruchturú fhorálacha Rialacháin 13, 14 agus 15 le go mbeidh sé éasca tagairt dóibh agus iad a úsáid.

## 4. An tOrdú um an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998 (Údaráis Inniúla a Cheapadh) 2007 (I.R. Uimh. 290 de 2007)

Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD an tOrdú sin ar an 13 Meitheamh 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an dáta sin.

Tugann Alt 4 den Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998 cumhacht don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta údaráis inniúla a cheapadh le feidhmeanna a chomhlíonadh ar feidhmeanna iad atá tugtha ag an Acht agus ag rialacháin a dhéantar faoin Acht.

I dteannta leis an Acht, trasuíonn na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 (I.R Uimh 288 de 2007) riachtanais Threoracha an AE maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar agus riachtanais ADR 2007 bainteach (Comhaontú na hEorpa maidir le hiompar idirnáisúnta earraí contúirteacha de bhóthar). Leagann Acht 1998 agus na Rialacháin dá dtagraítear feidhmeanna amach atá le comhlíonadh ag údaráis inniúla éagsúla.

Chun críocha Acht 1988 agus na Rialachán dá dtagraítear thuas, ceapann an tOrdú na húdaráis inniúla seo a leanas chun na feidhmeanna a shanntar dóibh a chomhlíonadh:

- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú
- An tAire Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
- An tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte.

Déanann an tOrdú an tOrdú um an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998 (Údaráis Inniúla a Cheapadh) 2006 (I.R. Uimh. 407 de 2006) a chúlghairm agus cuirtear ina ionad é.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe a tugadh isteach san Ordú seo:

(i) Ceapadh an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre mar an t-údarás inniúil maidir le hiniúchadh teicniúil feithiclí agus eisiúint deimhnithe formheasa i leith na bhfeithiclí sin.

(ii) Ceapadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta mar an t-údarás inniúil maidir le cúrsaí a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha an ADR de bhóthar trí tholláin liostaithe .

## 5. Na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (Táillí), 2007 (I.R. Uimh. 291 de 2007)

Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, na Rialacháin seo ar an 13 Meitheamh 2007 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an dáta sin.

Comhlánaíonn na Rialacháin:

(i) Na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 (na 'Príomhrialacháin') a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar in umair, i mbulc agus i bpacáistí; ag cur forálacha na n-iarscríbhinní teicniúla a ghabhann le 'Comhaontú na hEorpa maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Bhóthar (ADR) 2007' i bhfeidhm.

(ii) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar) (ADR Forálacha ilghnéitheacha) 2007.

(iii) An tOrdú um an Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998 (Údaráis Inniúla a Cheapadh) 2007, a shonraíonn na húdaráis inniúla chun críocha na bPríomhrialachán.

Déanann na Rialacháin na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (Táillí), 2006, a chúlghairm agus cuirtear ina n-ionad iad freisin. (I.R. Uimh.408 de 2006).

Déanann na Rialacháin foráil d'íoc táilli a fhéadfaidh údarás inniúil, scrúdóir údaraithe nó comhlacht creidiúnaithe a ghearradh faoi na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007.

## 6. Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007)

Shínigh an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Tony Killeen TD, na Rialacháin seo ar an 14 Meitheamh 2007, agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2007. Ón 12 Samhain 2007 ar aghaidh, bhí na Rialacháin leasaithe ag na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2007 (I.R. Uimh. 732 de 2007).

6.1. Rinne na Rialacháin, i measc nithe eile, na nithe seo a leanas a chúlghairm agus a athsholáthar:

- Na forálacha sin de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 1993 (I.R. Uimh. 44 de 2003) (seachas Cuid X agus an Dara Sceideal Déag a bhaineann le fogairt tionóiscí agus teagmhas contúirteach, atá i bhfeidhm fós) nach raibh cúlghairithe cheana faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Cúlghairm), 2005, (I.R Uimh. 392 de 2005) tar eis dóibh a bheith corpraithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Uimh.10 de 2005).

- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2001 (I.R. Uimh.188 de 2001).

6.2 Chomh maith leis sin, rinne na Rialacháin 20 sraith iomlán breise d'fhorálacha agus ceithre chuid d'fhorálacha de na rialacháin agus na horduithe seo a leanas a chúlghairm agus Rialacháin nua a chur ina n-ionad:

(i) Na Rialacháin Mhonarchan (Tuairisc ar Scrúdú ar Chrocháin agus Ardaitheoirí), 1956 (I.R Uimh. 182 de 1956).

(ii) An tOrdú um an Acht Monarchan, 1955 (Crocháin agus Ardaitheoirí) (Eisiamh) 1957 (I.R. Uimh. 80 de 1957).

(iii) An tOrdú am an Acht Monarchan, 1955 (Ardaitheoirí) (Eisiamh) 1960 (I.R Uimh 129 de 1960).

(iv) Rialacháin 22 go 35 agus 37 agus 38 agus an Sceideal a ghabhann le Rialachán na nDugaí (Sábháilteacht, Sláínte agus Leas) 1960 (I.R Uimh. 270 de 1960).

(v) An tOrdú um an Acht Monarchan, 1955 (Bealaí Crocháin) (Eisiamh) 1962 (I.R Uimh. 211 de 1962).

(vi) Rialacháin na gCairéal (Leictreachas), 1972 (I.R Uimh. 50 de 1972).

(vii) Rialacháin na Mianach (Leictreachas), 1972 (I.R Uimh. 51 de 1972).

(viii) Rialacháin na gCairéal (Ginearálta), 1974 (I.R. Uimh 146 de 1974) a mhéid a shainmhínítear 'fearas ardúcháin' agus 'ualach sábháilte oibre' i Rialachán 3, Rialacháin 40 agus 41, 'FOIRM Uimh. 3' agus 'FOIRM Uimh. 5' sa Chéad Sceideal agus an Dara Sceideal.

(ix) Na Rialacháin um Longthógáil agus Longdheisiú (Sábháilteacht, Sláinte agus Leas), 1975 (I.R. Uimh. 322 de 1975) a mhéid a shainmhainítear 'trealamh ardúcháin' agus 'gléas ardúcháin' i Rialacháin 3(1) agus Rialacháin 32 go 48.

(x) An tOrdú um an Acht Monarchan, 1955 (Bealaí Crocháin) (Eisiamh) 1976 (I.R Uimh. 236 de 1976).

(xi) An tOrdú um an Acht Monarchan, 1955 (Crocháin) (Eisiamh) 1977 (I.R Uimh. 13 de 1977).

(xii) Rialacháin na Mianach (Leictreachas) (Leasú), 1979 (I.R Uimh. 125 de 1979).

(xiii) Rialacháin na gCairéal (Leictreachas) (Leasú), 1979 (I.R Uimh. 126 de 1979).

(xiv) An tOrdú um na hAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal, 1955 agus 1980 (Crocháin agus Bealaí Crocháin) (Eisiamh), 1985 (I.R Uimh. 100 de 1985).

(xv) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Comharthaí), 1995 (I.R. Uimh. 132 de 1995).

(xvi) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Forálacha Leasa Ilghnéitheacha), 1995 (I.R Uimh. 358 de 1995).

(xvii) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Leanaí agus Daoine Óga), 1998 (I.R Uimh. 504 de 1998).

(xviii) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair Oíche agus Sealobair), 2000 (I.R. Uimh. 11 de 2000).

(xix) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Fostaithe Torracha etc.), 2000 (I.R. Uimh. 218 de 2000).

(xx) Rialacháin 80 go 123 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2001. (I.R. Uimh. 481 de 2001); rinneadh na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2006 (I.R Uimh 504 de 2006) forálacha eile na Rialachán sin a chúlghairm.

(xxi) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Atmaisféir Phléascacha), 2003 (I.R. Uimh. 258 de 2003).

(xxii) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde), 2006 (I.R. Uimh. 318 de 2006).

(xxiii) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Creathaidh ag an Obair), 2006 (I.R. Uimh. 370 de 2006).

(xxiv) Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Torainn ag an Obair), 2006 (I.R. Uimh. 371 de 2006), ach amháin alt (3) de Rialachán 11 a bhaineann leis an earnáil siamsaíochta atá i bhfeidhm go dtí an 14 Feabhra 2008.

Tá na cúlghairmeacha thuas forlíonta ag an Ordú um an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Aisghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2007 a ghníomhachtaíonn aisghairm Alt 33 go hAlt 35 agus 115 agus 116 den Acht Monarchan, 1955 (I.R Uimh.10 de 1955) agus Alt 28 agus 29 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980 (I.R Uimh. 9 de 1980), de réir Alt 1(2) agus 4(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Agus forálacha reachtúla thuas á n-athsholáthar, cuirtear na Rialacháin seo ar fáil i bhformáid atá níos cuimsithí, níos inrochtana agus níos fusa le húsáid. Mar shampla, rinneadh an leagan amach na Rialachán a athstruchtúrú, agus rinneadh líon foriomlán na sceideal a laghdú trí fhorálacha a bhí leagtha amach sna sceidil cheana féin a chorprú sa phríomhthéacs. Mar sin féin, coimeádann na Rialacháin seo éirim ghinearálta agus formhór mór na riachtanas agus na dtoirmeasc substaintiúil a bhí i gceist sna rialacháin atá á n-athsholáthar.

6.3 Rinne na Rialacháin na 14 Treoir AE seo a leanas a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a atrasuí:

- Treoir 89/654/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híosriachtanais sábháilteachta agus sláinte don ionad oibre (dá dtagraíonn Caibidil 1 de Chuid 2).

- Treoir 89/655/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híosriachtanais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealamh oibre ag oibrithe ag an ionad oibre, arna leasú le Treoir 95/63/CE ón gComhairle an 5 Nollaig 1995, a leasaíonn Treoir 89/655/CEE (dá dtagraíonn Caibidil 2 de Chuid 2 agus Sceideal 1).

- Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híosriachtanais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe (dá dtagraíonn Caibidil 3 de Chuid 2 agus Sceideal 2).

- Treoir 90/269/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híosriachtanais sábháilteachta agus sláinte do láimhsiú ualaí nuair atá baol ann go ndéanfaí droim oibrithe a ghortú (dá dtagraíonn Caibidil 4 de Chuid 2 agus Sceideal 3).

- Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híosriachtanais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le hobair le trealamh scáileán taispeána (dá dtagraíonn Caibidil 5 de Chuid 2 agus Sceideal 4).

- Treoir 2001/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 ag leasú Threoir 89/655/CEE ón gComhairle maidir le húsáid trealamh oibre nuair atá obair ar airde i gceist (dá dtagraíonn Cuid 4 agus Sceideal 5).

- Treoir 2003/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Feabhra 2003 maidir leis na híosriachtanais sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le nochtadh oibrithe faoi ar na rioscaí i gceist le gníomhaithe fisiceacha (torann) (dá dtagraíonn Caibidil 1 de Chuid 5).

- Treoir 2002/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis na híosriachtanais sláinte agus sábháilteacha a bhaineann le nochtadh oibrithe ar na rioscaí i gceist le gníomhaithe fisiceacha (creathadh) (dá dtagraíonn Caibidil 2 de Chuid 5 agus Sceideal 6).

- Gnéithe sláinte agus sábháilteachta Threoir 94/33/CE ón gComhairle an 22 Meitheamh 1994 maidir le cosaint daoine óga ag an obair (dá dtagraíonn Caibidil 1 de Chuid 6 agus Sceideal 7).

- Forálacha sláinte agus sábháilteachta Threoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shláinte agus ar shábháilteacht a spreagadh maidir le hoibrithe torracha agus oibrithe a raibh leanbh acu le déanaí nó a bhfuil leanbh cíche acu (dá dtagraíonn Caibidil 2 de Chuid 6 agus Sceideal 8).
- Maidir le hoibrithe oíche agus sealoibrithe, forálacha cosanta sláinte agus sábháilteachta Airteagal 9 de Threoir 93/104/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993 a bhaineann le gnéithe áirithe d'eagrú am oibre (dá dtagraíonn Caibidil 3 de Chuid 6).
- Treoir 92/58/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir leis na híosriachtanais a bhaineann le soláthar comharthaí sábháilteacha agus/nó comharthaí sláinte ag an ionad oibre (dá dtagraíonn Caibidil 1 de Chuid 7 agus Sceideal 9).
- Treoir 1999/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir leis na híosriachtanais chun feabhas a chur ar chosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha (dá dtagraíonn Cuid 8 agus Sceideal 10).

6.4 Déanann na Rialacháin seo ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le húsáid shábháilte leictreachais ag an ionad oibre (dá dtagraíonn Cuid 3) agus soláthar saoráidí garchabhrach ag an ionad oibre (dá dtagraíonn Caibidil 2 de Chuid 7) a nuashonrú freisin.

6.5 Clúdaíonn Cuid 1 léirmhínithe caighdeánacha agus forálacha ginearálta lena n-áirítear lua agus tosach feidhme, léirmhíniú agus cúlgairmeacha agus coigilteas.

6.6 Baineann Cuid 2 leis an ionad oibre agus le úsáid trealamh oibre ag an obair. Leagann Caibidil 1 de Chuid 2 riachtanais amach a bhaineann le hionaid oibre.

Leagann Caibidil 2 de Chuid 2 agus Sceideal 1 riachtanais amach a bhaineann le húsáid trealamh oibre ag an obair.

Leagann Caibidil 3 de Chuid 2 agus Sceideal 2 riachtanais amach a bhaineann le soláthar agus úsáid trealamh cosanta pearsanta (PPE).

Leagann Caibidil 4 de Chuid 2 agus Sceideal 3 riachtanais amach a bhaineann le láimhsiú ualaí.

Leagann Caibidil 5 de Chuid 2 agus Sceideal 4 riachtanais amach a bhaineann le soláthar agus úsáid trealamh scáileán taispeána (DSE).

6.7 Baineann Cuid 3 le leictreachas.

6.8 Baineann Cuid 4 agus Sceideal 5 le hobair ar airde.

6.9 Baineann Cuid 5 le bheith nochta ar ghníomhaithe fisiceacha ag an obair.
Leagann Caibidil 1 de Chuid 5 riachtanais amach a bhaineann le rialú torainn ag an obair, lena n-áirítear uasluachanna agus gníomhluachanna nochta.

Leagann Caibidil 2 de Chuid 5 agus Sceideal 6 riachtanais amach a bhaineann le rialú creathaidh ag an obair.

6.10 Baineann Cuid 6 le grúpaí riosca íogaire.

Leagann Caibidil 1 de Chuid 6 agus Sceideal 7 riachtanais amach a bhaineann le cosaint leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear measúnú riosca, cúinsí a chuireann cosc ar fhostaíocht linbh nó duine óig, agus faireachas sláinte. Is é an aidhm atá leis na forálacha seo gnéithe sláinte agus sábháilteacha Threoir 94/33/CE ón gComhairle maidir le cosaint daoine óga ag an ionad oibre a atrasuí. Tá riachtanais eile na Treorach seo curtha i bhfeidhm ag an an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996.

Leagann Caibidil 2 de Chuid 6 agus Sceideal 8 riachtanais amach a bhaineann le Cosaint daoine torracha, fostaithe iarbhreithe agus fostaithe a bhfuil leanbh cíche acu, lena n-áirítear measúnú riosca, bearta cosanta agus coisctheacha, obair oíche agus faisnéis. Is é an aidhm atá leis na forálacha seo ná forálacha Threoir 92/65/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde a atrasuí, ar forálacha iad a bhaineann le tabhairt isteach beart chun feabhsuithe a chur chun cinn maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe torracha nó oibrithe a raibh leanbh acu le déanaí nó a bhfuil leanbh cíche acu.

Leagann Caididil 3 de Chuid 6 riachtanais amach a bhaineann le hobair oíche agus sealobair, lena n-áirítear dualgais ghinearálta fostóirí i leith oibrithe oíche agus sealoibrithe, measúnú riosca ar obair oíche agus aistriú go hobair lae. Is é an aidhm atá leis na forálacha sin maidir le hoibrithe oíche agus sealoibrithe ná éifeacht a thabhairt d’fhorálacha cosanta sláinte agus sábháilteachta Airteagal 9 de Threoir 92/104/CE an 23 Samhain 1993, ar forálacha iad a bhaineann le gnéithe áirithe d’eagrú am oibre. I measc nithe eile, ceanglaíonn na forálacha sin ar fhostóirí a mbíonn oibrithe oíche fostaithe acu measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sábháilteachta agus sláinte a bhaineann leis an obair a dhéanann a gcuid oibrithe oíche, chun críocha na n-uaireanta uasta d’obair oíche atá ceadaithe faoi Ailt 16(2)(a) agus 16(2)(b) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh 20 de 1997) (i.e. an tAcht lena gcuirtear príomhfhorálacha na Treorach i bhfeidhm in Éirinn).

6.11 Baineann Cuid 7 le bearta forlíonacha cosanta agus le freagairt do thimpistí.

Leagann Caibidil 1 de Chuid 7 agus Sceideal 9 riachtanais amach a bhaineann le soláthar comharthaí sábháilteachta ag ionaid oibre.

Leagann Caibidil 2 de Chuid 7 riachtanais amach a bhaineann le garchabhair ag ionaid oibre.

6.12 Baineann Cuid 8 agus Sceideal 10 le hatmaisféir phléascacha ag ionaid oibre. Trasuíonn na Rialacháin Treoir 1999/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir leis na híosriachtanais i ndáil le feabhas a chur ar chosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe a d’fhéadfadh a bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha. Déanann Treoir 1999/92/CE ‘atmaisféar pléascach’ a shainmhíniú mar ‘a mixture with air, under atmospheric conditions, of flammable substances in the form of gases, vapours, mists or dusts in which, after ignition has occurred, combustion spreads to the entire unburned mixture’.

6.13 Faoi réir na dtréimhsí ar leith dá dtagraítear i Rialacháin 9(2), 122, 134 agus 160(2), tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2007.

## 7. Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2007 (I.R Uimh. 732 de 2007)

Shínigh an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Billy Kelleher TD, na Rialacháin seo ar an 5 Samhain 2007 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 12 Samhain 2007.

Is mar seo a leanas a leasaigh siad I.R. Uimh. 299 de 2007:

(i) Rinne siad an sainmhíniú a bhí ar 'crochán nó ardaitheoir' i Rialachán 27 a leasú chun na 'hardaitheoirí ardáin do dhaoine maolghluaiste', agus 'trealamh ardúcháin beartaithe chun taibheoirí a ardú le linn taibhithe ealaíne' agus 'trealamh ardúcháin a fheistítear i modhanna iompair' a eisiamh i ndáil le feidhmiú riachtanais Rialachán 46 faoi chrochán agus ardaitheoirí.

(ii) Scriosadh alt (b) de Rialachán 80 a bhain le cosaint ar thurraing leictreach i gcásanna lochtanna.

(iii) Cuireadh alt nua (4)(c) in ionad alt (4)(c) de Rialachán 81 chun soiléireacht theicniúil a bhaint amach maidir le trealamh iniompartha.

(iv) Cuireadh alt nua in ionad alt 89 (b) maidir le tástáil suiteálacha leictreacha reatha.

(v) Cuireadh isteach an frása 'a mhéid is atá sé praiticiúil go réasúnta' i Rialachán 90.

(vi) Rinneadh uimhriú na n-alt i Rialachán 102 a cheartú.

(vii) Cuireadh alt nua in ionad alt (1) i Rialachán 131 maidir le faireachas sláinte a bhaineann le rialú torainn ag an ionad oibre.

(viii) Scriosadh alt (8) i Rialachán 141 maidir le tafid sláinte a bhaineann le rialú creathaidh ag an ionad oibre

(ix) Rinneadh tagairt d'alt i Rialachán 144(d) a cheartú.

(x) Scriosadh sainmhíniú iomarcach de 'supplementary signboard' i Rialachán 158.

(xi) Cuireadh 'Cuid C' nua isteach i Sceideal 1 a ghabhann le I.R Uimh. 299 de 2007 a bhaineann leis na cúinsí ina mbíonn tástáil trealamh ardúcháin ag teastáil mar chuid de scrúdú críochnúil.

## 8. Na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2006 (I.R. Uimh. 405 de 2006)

Shínigh an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Tony Killeen TD, an tOrdú seo ar an 14 Meitheamh 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2007.

Déanann an tOrdú (dá bhforáiltear i Sceideal 1(2) agus 4(2) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Uimh. 10 de 2005)), ón 1 Samhain 2007, aisghairm Codanna 33-35 agus 115 agus 116 den Acht Monarchan 1955 (Uimh 10 de 1955), agus Ailt 28 agus 29 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980 (Uimh 9 de 1980), a ghníomhachtú. Tá forálacha áirithe de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (I.R Uimh 299 de 2007) curtha ina n-ionad.

## 9. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) Rialacháin (Margú agus Úsáid) (Leasú), 2007 (I.R. Uimh. 746 de 2007)

Shínigh Micheál Ó Máirtín TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na Rialacháin seo ar an 8 Samhain 2007. Ba ar an 8 Samhain 2007 a tháinig Rialachán 3(1)(a) agus Sceideal A a ghabhann leis na Rialacháin i bhfeidhm. Tiocfaidh Rialachán 3(1)(b) agus Sceideal B a ghabhann leis na Rialacháin i bhfeidhm ar an 27 Meitheamh 2008.

Leasaíonn na Rialacháin Sceideal 1 a ghabhann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid), 2003 (I.R Uimh. 220 de 2003), arna leasú an uair dheireanach le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteach) (Margú agusÚsáid) (Leasú), 2006 (I.R Uimh. 364 de 2006).

Trasuíonn na Rialacháin seo:

- Treoir 2006/139/CE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2006 a leasaíonn Treoir 76/769/CEE ón gComhairle maidir le srianta ar mhargaíocht agus úsáid cumaisc arsanaice chun críche Iarscríbhinn 1 a ghabhann léi a chur in oiriúint do chur chun cinn teicniúil.

- Treoir 2006/122/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 ag leasú don tríocha uair Treoir 76/769/CEE ón gComhairle faoi chomhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le srianta atá ar mhargú agus úsáid substaintí agus ullmhóidí contúirteacha ar leith (sulfónáití pearfluarochtáin).

Maidir le Treoir 2006/139/CE ón gCoimisiún, de réir Rialachán 3(1)(a) agus Sceideal A, soiléiríonn na Rialacháin na rialacha a bhaineann le hadhmad cóireáilte le comhdhúilí arsanaice.

Maidir le Treoir 2006/122/CE, de réir Rialachán 3(1)(b) agus Sceideal B, faoi na Rialacháin, ón 27 Meitheamh 2008, ní ceadmhach sulfónáití pearfluarochtáin (PFOS) a chur ar an margadh ná a úsáid mar shubstaint nó comhábhar in ullmhóidí i dtiúchán cothrom le nó níos mó ná 0.005% de réir maise. Is féidir, áfach, cúr comhraicthe dóiteáin a bhí ar an margadh roimh an 27 Nollaig 2006 a úsáid go dtí an 27 Meitheamh 2011.

Ní bhaineann na srianta thuas leis na nithe seo a leanas ná leis na substaintí agus na hullmhóidí a theastaíonn chun iad a tháirgeadh:

- Fótaifhriotáin nó bratú neamh-fhrithchaiteach le haghaidh próiseas fótailiteagrafaíochta.

- Bratú fótagrafach a chuirtear ar scannáin, ar pháipéar nó ar phlátaí clódóireachta.

- Sochtóirí ceo do phlátáil chróimiam neamh-mhaisiúil chrua (VI) agus gníomhaithe fliuchta le bheith úsáidte i gcórais leictreaphlátála rialaithe ina n-íoslaghdaítear líon an PFOS a scaoiltear isteach sa timpeallacht trí na teicnící ábhartha is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm go hiomlán laistigh de chreatlach hreoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú comhtháite truaillithe.

- Sreabháin hiodrálacha d'eitlíocht.

# Aguisín C: Fochoistí Boird

Tá fochoistí boird bunaithe ag Bord an Údaráis, ar a bhfuil baill de chuid an Bhoird amháin agus a chabhraíonn le hobair an Bhoird a chur i gcrích.

**Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird (L&GSC)**

Baill in 2007:

- Peter McCabe (Cathaoirleach)
- Tony Briscoe
- Sylvester Cronin
- Rosie Sheerin

Bhí aon chruinniú déag ag L&GSC le linn 2007. Rinne sé athbhreithniú ar ghnéithe éagsúla d'fhorálacha reachtúla ábhartha agus d'fhorbair sé tograí le haghaidh dréacht-rialachán, cóid chleachtais agus treoirlínte le bheith measta ag an mBord.

Dréacht-Reachtaíocht:

- Na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007.
- Na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil), 2007.
- An Dréacht-sraith Rialachán agus an Dréacht-Ordú um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 2007 (4 shraith).
- Dréacht-Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú), 2007.
- Dréacht-Bhille um Rialú Ceimiceán agus Forfheidhmiú (REACH).

Cóid Chleachtais agus treoirlínte:

- Dréacht-Treoracha a ghabhann leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007.
- Dréacht-Treoir do Stiúrthóirí agus do Bhainsteoirí Sinsearacha faoina bhfreagrachtaí maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an ionad oibre.
- Dréacht-Treoir maidir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Mórghuaiseacha Tionóiscí a bhfuil Substaintí Contúirteacha i gceist leo), 2006 (I.R Uimh. 76 de 2006).
- Dréacht-Chód Cleachtais um Dhíobháil ó Línte Leictreachais Lastuas a Chosc (ag céim an chomhairliúcháin phoiblí).
- Dréacht-Chód Cleachtais do Chonraitheoirí san Earnáil Tógála a bhfuil níos lú ná triúr fostaithe acu (tar éis chéim an chomhairliúcháin phoiblí).
- Dréacht-Chód Chleachtais do Scafalra Oibre agus Rochtana (Roimh chéim an chomhairliúcháin phoiblí).

**Fochoiste Iniúchta Inmheánaigh agus Airgeadais an Bhoird**

Baill in 2007:

- Tony Briscoe (Cathaoirleach)
- Anne Marie Hayes
- Pat Kearney
- Louise O'Donnell

Bhí deich gcruinniú ag an bhFochoiste Iniúchta Inmheánaigh le linn 2007. Rinne sé feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis a stiúradh agus chinntigh sé gur chloígh an tÚdarás leis na caighdeáin is airde maidir le hionracas airgeadais. Rinne sé athbhreithniú ar mhíreanna airgeadais ar bhreathnaigh an Bord orthu ag a chruinnithe. Áirítear ar na míreanna sin tuarascálacha míosúla airgeadais, ráitis bhliantúla airgeadais, tograí caiteachais a mbíonn faomhadh foirmiúil an Bhoird ag teastáil uathu, agus aon bheartas nua/athbhreithnithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Údaráis. Mhol sé don Bhord seilbh a ghlacadh ar chóiríocht nua oifige i mBéal Átha Luain, Cathair Dhá Chon (le haghaidh stórála), Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh agus Contae Shligigh freisin.

Bhí trí chruinniú ag an bhFochoiste Airgeadais in 2007. D'fhreastail iniúchóirí inmheánacha an Údaráis orthu chomh maith.

Rinneadh iniúchóirí inmheánacha an Údaráis a athcheapadh i ndiaidh reáchtála próiseas iomaíoch tairisceana in 2006.

Bhreathnaigh an Fochoiste Iniúchta Inmheánaigh ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh a d'ullmhaigh na hiniúchóirí inmheánacha. Thug na hiniúchóirí inmheánacha faoi thionscadail speisialta freisin agus rinne siad na torthaí a thuairisciú don fhochoiste

**Fochoiste Athbhreithnithe Straitéisigh agus Forfheidhmithe an Bhoird**

Baill in 2007:

- Jim Lyons (Cathaoirleach)
- Tony Briscoe
- Martin Lynch
- Christina McEleney
- Fergus Whelan

Bhí trí chruinniú ag an bhfochoiste sin le linn 2007. Chuaigh sé i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le straitéis foriomlán agus rialachas an Údaráis, lena n-áirítear:

- Ráiteas Straitéise an Údaráis
- Cláir Oibre an Údaráis
- Straitéis um Shláinte Cheirde
- Earcú agus roghnú CEO agus ACE
- Luach Saothair an CEO

# Aguisín D: Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre

**Tá roinnt coistí comhairleacha reachtúla ag an Údarás. Is iad seo a leanas iad:**

- An Coiste Comhairleach Tógála
- An Coiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch
- Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme
- Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt
- Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthair
- Coiste Comhairleach Réigiúnach an Oirdheiscirt
- Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthuaiscirt.

## An Coiste Comhairleach Tógála (CAC)

Bhuail an CAC le chéile ceithre huaire i rith 2007 agus lean sé dá chur chuige comhpháirtíochta maidir le saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann leis an tionscal tógála a chur chun cinn. Ba iad na príomhcheisteanna ar thug siad fúthu i 2007 ná:

- Deimhniú Scileanna Tógála agus aithint cáilíochtaí comhionanna ó Bhallstáit eile an AE.
- Cód Cleachtais um Shábháilteacht Tógála do chonraitheoirí a bhfuil triúr fostaithe nó níos lú acu.
- Cód Cleachtais do Scafalra.

Sa bhreis air sin, bunaíodh fochoiste den CAC – an Grúpa Oibre um Thionscnamh Tríú Leibhéal – a tháinig le chéile faoi dhó in 2007 chun raon feidhme siollabas creatlaí a leagan amach d'oideachas tríú leibhéal.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Sylvester Cronin (Cathaoirleach) | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Dermot Carey | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Denis Farrell | Building and Allied Trades' Union |
| John Graby | Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann |
| John Ryan | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Kevin Enright | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Kevin Geraghty | Irish Concrete Federation |
| Frank Gallagher | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais áitiúil |
| Michael Moriarty | Association of Consulting Engineers of Ireland |
| Nevin Mulrooney | Cumann Suirbhéirí Cairte |
| Nicholas O'Loughlin | An Roinn Airgeadais |
| Paddy Coughlan | SIPTU |
| Phil Murray | Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Robert Byrne | FÁS |
| Jim Jenkinson | FÁS |
| Tom Gorman | Institiúid Innealtóirí na hÉireann |
| Paula Gough | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Martin O'Dea | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Paraig Earley | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Elaine Walsh (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# An Coiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch (TSAC)

Tugadh tacaíocht rúnaíochta agus theicniúil don TSAC, ar coiste a bhí curtha in ionad an Choiste Chomhairligh um Shubstaintí Contúirteacha in 2007.

Tháinig an TSAC le chéile ceithre huaire in 2007. Rinne sé iniúchadh ar agus thug sé cabhair d'fhorbairt tograí le haghaidh rialachán faoi mhargaíocht, úsáid, agus iomportáil/easportáil ceimiceán contúirteach, agus Cód Cleachtais um Ghníomhaithe Ceimiceacha. Bhreathnaigh sé ar réimse topaicí/nótaí eolais faoin dul chun chun atá déanta ag plean feidhmithe REACH agus GHS chomh maith. D'aontaigh TSAC go mbunóidh siad trí ghrúpa oibre ad hoc: ADR/TEPD/GHS Iompar, Nanaitheicneolaíocht agus GHS.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Fergus Whelan (Cathaoirleach) | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Anne-Marie Finlay | An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta |
| Marian Byron | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Michael Gillen | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Frank Barry | Comhdháil na gCeardchumann |
| Eddie Mullins | Comhdháil na gCeardchumann |
| Darren Byrne | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais áitiúil |
| Keith Armstrong | An tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí |
| Conor Clenaghan | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Majella Cosgrave | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Sharon McGuinness | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Roseleen Murphy (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme (FSPAC)

Tháinig FSPAC le chéile cúig huaire in 2007 chun a chuid oibre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhim, go háirithe i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2003–2007.

Tugadh tús áite d'oiliúint ar úsáid Chód Cleachtais na Talmhaíochta (a scaipeadh ar gach feirmeoir i mí na Nollag 2006), agus rinneadh poiblíocht fhorleathan air le naisc bunaithe le dhá soláthraí oiliúna: Teagasc agus IFA Skillnet.

De bharr gur tharla níos mó ná 50% de na básanna ar fheirmeacha do dhaoine a bhí os cionn 65 bliain le blianta beaga anuas, thug an Chomhpháirtíocht tacaíocht agus cúnamh d'fhorbairt bileoige dar teideal 'Safety of the Elderly on Farms'. Mar iarracht tionchar a imirt ar dhaoine aosta ar fheirmeacha, thug sé cúnamh do phleanáil agus do bhainistiú seastáin sábhailteachta ag dhá thaispeántas réigiúnacha talmhaíochta (Muine Chonalláin i gContae Mhaigh Eo agus Baile an Phoill, Contae Chill Chainnaigh). Scaipeadh na bileoga sábháilteachta sin ag an gcomórtas náisiúnta treabhdóireachta freisin.

Thug an Chomhpháirtíocht cúnamh arís do phleanáil agus do bhainistiú príomhsheastán sábháilteachta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireacha a reáchtáladh i dTulach Mhór, Co. Uibh Fhaillí. Sheol an tAire, Billy Kelleher leabhar nua sábháilteachta do leanaí ag an imeacht dar teideal 'Fán sábháilte ar an bhfeirm le Jessy' agus rinneadh 5,000 cóip a scaipeadh.

Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Talmhaíochta – a d'oscail an tAire Kelleher agus a fuair tacaíocht ó FSPCA – i Mainistir Laoise, Contae Laoise. Dhírigh sé ar na rioscaí móra ceirde a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht agus chuir sé úsáid fhorleathan Chód Cleachtais na Talmhaíochta chun cinn. D'fhreastail níos mó ná 240 toscaire ar an gcomhdháil agus bronnadh dámhachtainí FETAC um shábháilteacht feirme ar líon maith acu ar an lá.

Rinne an FSPAC athbhreithniú mór ar a Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme agus cuirfear torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid Bhord an Údaráis go luath in 2008. Ba éachtaí móra eile in 2007 iad forbairt agus úsáid DVD faoi láimhsiú a bhain leis an bhfeirmeoireacht go sonrach, an cúnamh a tugadh d'fhorbairt treorach fairsinge do ghníomhaíochtaí tógála ar fheirmeacha, agus críochnú agus scaipeadh torthaí taighde ar thárgeadh an gháis suilfíd hidrigine (H2S) ó mhúirín muisiriún spíonta.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Frank Laffey (Cathaoirleach) | Teagasc |
| Pat Kearney | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| John O'Donnell | Comhlachas Soláthróirí Bainne na hÉireann |
| Jim Dockery | Líonra um Fhaoiseamh Feirmeoireachta |
| Mary Sherry | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| John McNamara | Teagasc |
| Oliver McEvoy | An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia |
| Michael Moroney | Farm Tractor Machinery Trade Association |
| Tom Murphy | Cumann Conraitheoirí Talmhaíochta Proifisiúnta na hÉireann (PAC Éireann) |
| Ciarán Roche | FBD Insurance |
| Karl Skehan | Macra Na Feirme |
| Pat Griffin | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Anthony Morahan | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Maura Kavanagh (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt

Tháinig Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt le chéile ceithre huaire le linn 2007. Reáchtáladh ceardlanna faoin ráiteas sábháilteachta/faoi láimhsiú i gCorcaigh agus i gCiarraí. Mar is gnách, bhí éileamh mór ar áiteanna agus bhí ionchur láidir ó bhaill an choiste. I measc na dtopaicí ar chuir an coiste béim orthu in 2007, bhí obair thógála ar fheirmeacha mar thoradh ar thabhairt isteach na Treorach Níotráití agus staitisticí tionóisce don réigiún, básanna go háirithe. Bhí gníomhaíochtaí múscailte feasachta faoin dá thopaic nuair ba ghá.

Áirítear ar thopaicí tábhachtacha eile conas gaireas snámhachta pearsanta a úsáid. Rinneadh ionadaíocht ar an gcoiste ag seimineáir a reáchtáil Bord Iascaigh Mhara i gcomhar leis an Údarás.

Rinneadh cur i láthair don choiste faoi na Rialacháin um Obair ar Airde agus faoi staitisticí tionóisce a mbíonn éifeacht acu ar an réigiún.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Sylvester Cronin (Cathaoirleach) | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Enda McWeeney | FÁS |
| Anne Keohane | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| David Neal | IFO |
| Mary Keane | Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann |
| Eddie Ronayne | Comhairle Contae Chorcaí |
| Kate Dervan | Institution of Occupational Safety and Health |
| Dan McSweeney | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Maurice O'Riordan | Comhlachas Soláthróirí Bainne na hÉireann |
| Donal Tobin | SIPTU |
| Charlie Hipwell | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Conor O'Connell | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| John Dromey | Comhairle Cathrach Chorcaí |
| Robert Stuart | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ger Buckley | BSL |
| Pat O'Flynn | SIPTU |
| Maria O'Brien | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Sean Hyde | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Patricia Truscott (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthair

Tháinig Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthair le chéile trí huaire le linn 2007. I mí an Mhárta, reáchtáladh seimineár faoi na Rialacháin Togála i gcomhair le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo. Reáchtáladh seiminéar faoi úsáid gaireas snámhachta pearsanta sa Chlochán, Co. na Gaillimhe a raibh an Bord Iascaigh Mhara, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair ina n-óstaigh air. Bhí freastal láidir ar an seimineár ag páirtithe leasmhara tábhachtacha.

Tar éis treoirthréimhse in 2006, cuireadh seirbhís tacaíochta um shláinte ag an ionad oibre i bhfeidhm d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide tríd an mBord Fiontar Contae i nGaillimh agus i Maigh Eo. Cuireadh Cód Cleachtais na Talmhaíochta chun cinn a thuilleadh trí ghníomhaíochta bhaill an choiste. Foilsíodh foilseachán nua faoi shláinte agus sábháilteacht in ionaid athchúrsála freisin.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Pat Kearney (Cathaoirleach) | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Frank Laffey | Teagasc |
| Michael Flynn | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Justin Molloy | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Dermot Carey | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Julianne Gavin | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| Michael Dolly | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| Gerry Finnerty | Marglann Beostoic an Ghoirt |
| Louise Ward | Bord Fiontar Ros Comáin |
| Tommy Kelly | FBD Insurance |
| John Joe Holleran | Kilbride Sand & Gravel |
| John Joe Conwell | Pobalscoil Phort Omna |
| Gareth Davies | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Siobhan Hourigan | An Roinn um Chothú Sláinte |
| Seamus O'Grady | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Dick McKeever | An Roinn Mara & Acmhainní Nádúrtha |
| Doreen Geoghegan | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo |
| Tish Gibbons | Comhdháil na gCeardchumann |
| Caitriona Gannon | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Tom O'Connor | Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann |
| Alice Daly | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Don Tallon | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Joe Kelly | Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| Hilary Byrne | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| PJ Murphy | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Orla Cahalan (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

# Coiste Comhairleach Réigiúnach an Oirdheiscirt

Tháinig Coiste Comhairleach Réigiúnach an Oirdheiscirt (SERAC) le chéile ceithre huaire le linn 2007. Lean an fochoiste um Shláinte Cheirde ar aghaidh leis an obair ar dhoiciméad treorach faoi shláinte cheirde a ndéanfar tuilleadh forbartha air in 2008. Tá an fochoiste um Iascaireacht agus Uiscebhealaí ag obair i gcomhar leis an bhForas Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála (RNLI) maidir le forbairt feiste do dhuine i bhfarraige.

Ba bhuaicphointe na bliana iad na seimineáir ar ghairis snámhachta pearsanta (PFDanna) a raibh Bord Iascaigh Mhara, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt ina n-óstaigh orthu. Bhí freastal maith ar na seimineáir ag páirtithe leasmhara príomhúla agus rinneadh clúdach láidir air sa phreas áitiúil. Tá siad á gcur ar fáil ar fud na tíre anois le cúnamh ó choistí comhairleacha réigiúnacha eile. Reáchtáladh seimineáir cheana sa Chromán agus sa Daingean i gContae Chiarraí agus san Fhód Dubh i gContae Mhaigh Eo.

I gcomhar le Seachtain Sábháilteachta na hEorpa, reáchtáil SERAC seimineár rathúil faoin téama 'Maolaigh an tUalach' i bPort Láirge ag a raibh níos mó ná 50 toscaire. Beidh an fochoiste SME ag obair leis na fochoistí eile ar sheimineáir agus ceardlanna bunaithe ar mheasúnuithe riosca/ráitis sábháilteachta a bheidh curtha ar fáil in 2008. Tá seimineáir agus tionscnaimh eile chun feasacht a mhúscailt ar na Rialacháin nua Chairéal á bpleanáil ag fochoiste na Mianach agus na gCairéal agus cuirfear ar fáil iad nuair a achtófar na Rialachán sin.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Rosie Sheerin (Cathaoirleach) | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Ray Murray | Bord Iascaigh Mhara |
| John Hickey | Bord Iascaigh Mhara |
| James Curran a | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF) |
| John Cassidy | FÁS |
| Kieran Leahy | Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána |
| Rosaleen O'Keeffe | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Peter Creedon | Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann |
| Patrick Cummins b | An Cumann Sábháilteacht Uisce (IWSA) |
| Lisa Russell | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| John Cooney | Comhairle Contae Chill Chainnigh |
| Steve McComb | Mianaigh agus Cairéil |
| Brendan Conti c | Ionadaí Sábháilteachta |
| Darryl McCabe | Sainchomhairleoir Sábháilteachta, Tógáil |
| Aileen Scott | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) Theas |
| Brian Sheerin | Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirdheiscirt |
| John Hogan | Teagasc |
| Bill Rafter | Bord Fiontar Chathair Phort Láirge |
| JJ Killian | Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann |
| Tony Power | Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann |
| Ruairi Connor | Institution of Occupational Safety and Health |
| Sínead Corcoran d | Comhlachas na nGnólachtaí Beaga (SFA) |
| Michael Keating | Roadstone Provinces |
| Emer Lovett | Cumann Tráchtála Loch Garman |
| Mary O'Doherty | Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge |
| Mark Cullen e | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Maura Kavanagh (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |

*a Tháinig James Curran in ionad Jim Whitmore, CIF*
*b Tháinig Patrick Cummins in ionad Frank Nolan, IWSA*
*c Tháing Brendan Conti in ionad Kevin Power, an tIonadaí Sábháilteachta*
*d Tháinig Sinéad Corcoran in ionad Mark Corcoran, SFA*
*e Tháinig Mark Cullen in ionad Kieran Studds, HSA*

# Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthuaiscirt

Tháinig Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRAC) le chéile ceithre huaire le linn 2007. Mar thoradh ar a chuid gníomhaíochtaí, foilsíodh preaseisiúintí a bhain leis an réigiún sna nuachtáin áitiúla. Foilsíodh ailt rialta ar cheisteanna sábháilteachta i nuachtlitir Chumann Iascairí na gCealla Beaga. Cuirtear laethanta sábháilteacht feirme ar fáil go leanúnach do mhic léinn idirbhliana chun leibhéal ard feasachta ar phríomhcheisteanna sábháilteachta a choimeád. Mar chuid den tionscnamh sin, téann mic léinn eolaíocht talmhaíochta san idirbhliain amach ar an bhfeirm i ngrúpaí de thriúr agus déanann siad ráiteas sábháilteachta a tháirgeadh. Bíonn Cód Cleachtais na Talmhaíochta á chur chun cinn i gcónaí trí ghníomhaíochtaí bhaill an choiste.

Tá treoirsheimineár sábháilteachta á fhorbairt ag comhghuaillíocht den NWRAC, den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus de BSL a bheidh dírithe ar bhunscoileanna sa réigiún. Beartáitear breisfhorbairt a dhéanamh ar an tionscnamh seo in 2008. Tá baill na bhfochoistí Feirmeoireachta agus Iascaireachta tagtha le chéile chun faisnéis ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht a sholáthar d'fheirmeoirí. Mar fhocal scoir, chuidigh an NWRAC, i gcomhar le rannóg um Sheirbhísí Beartais Cheimicigh an Údaráis, le seimineár REACH a reáchtáil go rathúil i Sligeach.

**Baill in 2007:**

| | |
|---|---|
| Christina McEleney (Cathaoirleach) | Ball boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Martin Shields | Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteacht na hÉireann |
| Anthony McCormack | SIPTU |
| Art McGrath | Teagasc |
| Lynn McLaughlin | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Tony Kelly | IMPACT |
| David Mullarkey | Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach |
| Gerard Mawn | Coillte Teo |
| Louis Cabena | FÁS |
| Mary McGreal | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Sonya Maguire | Grúpa Comhairleoirí Sábháilteachta an Údaráis Áitiúil |
| Ted Breslin | Cumann Iascairí na gCealla Beaga |
| Tom Currid | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| Vincent Turley | Cumann Tráchtála Mhuineacháin |
| Anne Marie Luby | Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall |
| James McHugh | BSL |
| Bernadette McLoughlin | Bantracht na Tuaithe |
| PJ Murphy | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Hilary Byrne | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Brenda Guihen (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Orla Cahalan (Rúnaí) | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |